2025/1901

23.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1901 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Meán Fómhair 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 25 Iúil 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir WeylChem Lamotte SAS ('an gearánach') isteach an 10 Meitheamh 2024. Ba é tionscal aigéid ghliocsalaigh an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) An 24 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Coimisiún allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') faoi réir a gcláraithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2715 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú') ([3]).

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 24 Feabhra 2025, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre. Laistigh den tréimhse sin, chuir dhá allmhaireoir/úsáideoir, Trade Corporation International SAU ('Trade Corporation') agus Laboratorios Jaer S.A. ('Jaer') barúlacha isteach a bhaineann le leas an Aontais. D'áitigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte Xinjiang Guolin gur asbhain an Coimisiún an muirlasta faoi dhó le haghaidh idirbhearta áirithe agus go ndearna an Coimisiún an corrlach brabúis agus corrlach chostais SGA a idirmhalartú sa ríomh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, p. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aigéad gliocsalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO C, C/2024/4751, 25.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4751/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2715 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, (IO L, 2024/2715, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2715/oj).

(5) Mar a tugadh faoi deara in aithris (329) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/591 ([4]) (an 'Rialachán sealadach'), cheartaigh an Coimisiún na hidirbhearta muirlasta, a comhaireadh faoi dhó ar dtús sa ríomh. Thairis sin, cheartaigh an Coimisiún an corrlach brabúis 10 % agus corrlach 23 % SGA; sna ríomhanna. Thairis sin, in aithris (330) den Rialachán sealadach, thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh ráta malairte mícheart i bhfeidhm ar an bhfoinse chun an gnáthluach a chinneadh maidir leis an gcostas saothair, leictreachais agus uisce. Thug an Coimisiún luach an chostais saothair, an leictreachais agus an uisce i dTábla 1 den Rialachán sealadach cothrom le dáta trí úsáid a bhaint as an ráta malairte airgeadra céanna a chuir an Banc Ceannais Eorpach in iúl le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin i dtaca leis na tosca táirgeachta uile.

(6) D'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne leis an Rialachán sealadach.

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(7) Tar éis nochtadh na mbunfhíoras agus na mbunbhreithnithe ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('nochtadh sealadach'), chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin Guangdong Joy Chemical Co., Ltd., Hubei Hongyuan Pharmaceutical Technology Co., Ltd., Inner Mongolia Tianyuda Biological Technology Co., Ltd., Jinyimeng Group Co., Ltd agus Xinjiang Guolin New Materials Co. Ltd agus na hallmhaireoirí/úsáideoirí Trade Corporation agus Jaer aighneachtaí i scríbhinn isteach ag cur a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

(8) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(9) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh na Síne ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(10) Chuir an gearánach, na táirgeoirí onnmhairiúcháin Xinjiang Guolin agus Hubei Hongyuan, agus na hallmhaireoirí/úsáideoirí Brüggemann, Deretil, Jaer, Trade Corporation, Asociacion Espanola de Fabricantes de Agronutrientes, (Comhlachas Monaróirí Agrachothaitheach na Spáinne 'AEFA') agus Nouryon Functional Chemicals AB ('Nouryon') barúlacha isteach laistigh den sprioc-am.

(11) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Xinjiang Guolin agus leis na hallmhaireoirí/úsáideoirí Jaer, Brüggemann agus Deretil. Breithníodh na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach, agus cuireadh san áireamh iad sa Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí. Tugtar aghaidh orthu thíos.

(12) Mar thoradh ar an anailís ar roinnt barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, tháinig athruithe ar na ríomhanna dumpála agus ar an díolúine úsáide deiridh. An 5 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na hathruithe trí nochtadh deiridh breise a bhí teoranta do na modhnuithe a rinneadh. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh breise. Chuir WeylChem, Jaer, Trade Corporation, Hubei Hongyuan, Jinyimeng Group Co., Ltd. agus an Inner Mongolia Tianyuda Biological Technology Co., Ltd. barúlacha isteach. Tugtar aghaidh orthu thíos.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(13) In éagmais aon bharúil maidir le tionscnamh, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (1) go (2) den Rialachán sealadach.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/591 ón gCoimisiún an 21 Márta 2025 lena bhforchuirtear dleacht shealadach ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2025/591, 24.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/591/oj).

1.6. **Sampláil**

(14) In éagmais aon bharúil maidir le sampláil, deimhnítear na conclúidí in aithrisí (6) go (11) den Rialachán sealadach.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(15) In éagmais aon bharúil maidir le freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin, deimhnítear na conclúidí in aithrisí (12) go (15) den Rialachán sealadach.

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(16) In éagmais aon bharúil maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú, deimhnítear na conclúidí in aithris (16) den Rialachán sealadach.

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **Maímh maidir leis an táirge lena mbaineann agus táirge comhchosúil**

(17) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh an t-úsáideoir Brüggemann a mhaíomh a rinneadh ag an gcéim shealadach nach bhfuil grád teicniúil sonrach an aigéid ghliocsalaigh a allmhairíonn siad ón tSín agus a úsáideann siad i dtáirgeadh oibreán dí-ocsaídithe sulfarbhunaithe atá saor ó fhormaildéad ('FFSRAnna') ar fáil faoi láthair ó thionscal an Aontais. Níor cuireadh aon fhianaise bhreise ar fáil chun tacú leis an maíomh nach féidir an táirge a fuarthas ón tSín a fháil ó thionscal an Aontais, agus dá bhrí sin dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(18) In éagmais aon bharúil eile, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (22) go (28) den Rialachán sealadach.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(19) Leagadh amach an nós imeachta maidir leis an ngnáthluach a chinneadh in aithrisí (38) go (86) den Rialachán sealadach.

3.2. **An Gnáthluach**

(20) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí (87) go (162) den Rialachán sealadach.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(21) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le saobhadh nach beag a bheith ann sa tSín. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí in aithrisí (41) go (86) den Rialachán sealadach.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

(22) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, chuir Trade Corporation International barúlacha isteach maidir le roghnú na Colóime mar an tír ionadaíoch is oiriúnaí agus aigéad aicéiteach mar tháirge san earnáil chéanna le haigéad gliocsalach. Líomhain Trade Corporation International nach raibh an táirge a monaraíodh sa Cholóim, aigéad aicéiteach, mar an gcéanna leis an táirge faoi imscrúdú, a raibh airíonna agus úsáidí ceimiceacha sonracha aige. Dúirt Trade Corporation International go raibh aigéad gliocsalach thart ar dheich n-uaire níos láidre agus aigéadach ná aigéad aicéiteach. Líomhain Trade Corporation International gur úsáideadh aigéad aicéiteach sa talmhaíocht freisin, ach go príomha chun críocha éagsúil le haigéad gliocsalach, amhail luibhicíd nádúrtha, rialú lotnaidí chun feabhas a chur ar thorthúlacht ithreach agus cothromaíocht pH, cé gur úsáideadh aigéad gliocsalach go príomha chun fás plandaí a rialú agus le haghaidh srianadh fiaile.

(23) Chuir an Coimisiún in iúl in aithrisí (34) agus (91) den Rialachán sealadach, toisc nárbh ann de tháirgeadh aigéid ghliocsalaigh lasmuigh den tSín ná den Aontas, gurbh éigean don Choimisiún dul i muinín táirge ionadach iomchuí a shainaithint sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil chéanna le haigéad gliocsalach chun luach neamhshaofa a shainaithint i dtír ionadaíoch ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le leibhéal na Síne. Mhínigh an Coimisiún i roinn 3.2.2.1.2 den Rialachán sealadach, aithrisí (91) go (93) go bhfuil ceithre tháirge aigéad carbocsaileach C2 a bhfuil próisis táirgthe chomhchosúla acu agus a úsáideann amhábhair chomhchosúla, i.e. aigéad gliocsalach, aigéad ocsalach, aigéad gliocólach agus aigéad aicéiteach, ach nach monaraítear ach aigéad aicéiteach sna tíortha ina bhfuil leibhéal comhchosúil forbartha eacnamaíche. Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an próiseas táirgthe chun aigéad aicéiteach a fháil, murab ionann é, inchomparáide go mór leis an bpróiseas chun aigéad gliocsalach a mhonarú, ós rud é go bhfuil na próisis táirgthe, na croí-amhábhair agus na tomhaltáin ábhartha an-chosúil le chéile. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún go raibh aigéad aicéiteach ina sheachtháirge iomchuí sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna leis an táirge faoi imscrúdú agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(24) Líomhain Trade Corporation International nár léirigh na dálaí eacnamaíocha sonracha agus na cumais thionsclaíocha shonracha sa Cholóim iad siúd sa tSín go cruinn, toisc go bhféadfadh na próisis táirgthe, na struchtúir chostais, agus dinimic an mhargaidh sa Cholóim a bheith an-difriúil leo siúd sa tSín, rud as ar lean léiriú míchruinn ar ghnáthluach an aigéid ghliocsalaigh. D'áitigh Trade Corporation International freisin nár leor sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh cuideachta aonair amháin sa Cholóim, Sucroal S.A., chun comparáid réasúnta a dhéanamh, toisc go bhféadfadh an chuideachta praghsanna a shuí i bhfad os cionn an mhargaidh.

(25) In aithrisí (89) go (90) den Rialachán sealadach, shuigh an Coimisiún go raibh an Cholóim sa chatagóir chéanna geilleagar le leibhéal comhchosúil forbartha eacnamaíche leis an tSín, a aicmítear san aicmiú grúpa ioncaim céanna (tíortha meánioncaim uachtaracha) a d'fhoilsigh an Banc Domhanda ([5]). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin in aithrisí (107) go (115) den Rialachán sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, go raibh an fhaisnéis airgeadais don chuideachta Cholómach Sucroal S.A. ar fáil go héasca agus gurbh iomchuí í a úsáid. Chuir an Coimisiún in iúl nach raibh iliomad táirgeoirí aigéid aicéitigh sna tíortha ionadaíocha féideartha. Shainaithin an Coimisiún táirgeoir aigéid aicéitigh amháin sa Cholóim, agus táirgeoir amháin sa Tuirc. Chuir an Coimisiún in iúl freisin go raibh imscrúdú á dhéanamh ag Oifig Frithmhonaplachta na Tuirce ar mhonaróir aigéid aicéitigh na Tuirce, Akkim Kimya Sanayi ve Ticaret A.S., chun iomaíocht agus cúbláil praghsanna a shrianadh. Ar an gcúis sin, thug an Coimisiún neamhaird ar an Tuirc ó roghnú tíre ionadaíche. Thairis sin, is cuideachta bhunaithe sa Cholóim é Sucroal S.A. agus toisc nach raibh aon táirgeoir eile aigéid aicéitigh sa Cholóim nach léiríonn sé sin nach bhfuil na sonraí airgeadais chun costais SGA agus brabús a shuí iontaofa. Diúltaíodh don mhaíomh.

(26) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Trade Corporation International nár chomhlíon an Coimisiún a dhualgas cúiseanna a lua maidir le diúltú do mhaímh Trade Corporation International agus d'argóintí céanna a luadh cheana sa Rialachán sealadach. D'athdhearbhaigh Trade Corporation International go bhfuil próifíl fhisiceimiceach agus speictream úsáide deiridh éagsúil ag aigéad aicéiteach agus aigéad gliocsalach: is móilín aildéid-aigéid láidir é aigéad gliocsalach (pKa ≈ 3.3), a úsáidtear den chuid is mó i bhfeidhmeanna ardluacha speisialtachta iartheachtacha (táirgí idirmheánacha cógaisíochta, gníomhaithe cosmaideacha, leasacháin chrágtha), is aigéad monacarbocsaileach lag (pKa ≈ 4.8) é aigéad aicéiteach a dhíoltar mar imoibrí ceimiceach, agus i monarú comhdhúl ceimiceach éagsúil (e.g. le haghaidh an tionscail glantacháin). Chuir Trade Corporation International ina aghaidh gur táirgí comhchosúla iad aigéad aicéiteach agus aigéad gliocsalach toisc go raibh siad éagsúil ó thaobh praghais, ceanglais íonachta, sonraíochtaí rianmhiotail agus caighdeáin sábháilteachta de. Dá bhrí sin, níor aontaigh sé go bhféadfaí aigéad aicéiteach a úsáid mar ionadach chun an tír ionadaíoch a roghnú.

(27) Thug an Coimisiún dá aire nár thug Trade Corporation International aon fhianaise nua ar aghaidh chun tacú leis an maíomh. Shoiléirigh an Coimisiún gurb eol gur aigéad monacarbocsaileach níos laige é aigéad aicéiteach ó thús an imscrúdaithe. Ní raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún rogha mhalartach bheacht ar aigéad gliocsalach a shainaithint, ach táirge comhchosúil sa chatagóir chéanna táirgí ina n-úsáidtear na príomhábhair ionchuir chéanna nó príomhábhair ionchuir chomhchosúla. Dá réir sin, d'áitigh an Coimisiún gurbh é aigéad aicéiteach an táirge ionadach ab fhearr a bhí ar fáil sna tíortha ionadaíocha féideartha a scrúdaíodh. D'athdhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil an t-aigéad gliocsalach agus an t-aigéad aicéiteach araon i dtáirgí aigéad carbocsaileach C2, go n-úsáideann siad amhábhair chomhchosúla, agus go mbeidh siad san aicmiú céanna gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár mhol Trade Corporation International aon táirge malartach sa chatagóir chomhchosúil aigéid ghliocsalaigh chun a léiriú nach táirge ionadach oiriúnach é aigéad aicéiteach. Diúltaíodh don argóint.

(28) Thairis sin, líomhain Trade Corporation International nár mhínigh an Coimisiún cén fáth nach bhfuil ach cuideachta amháin (Sucroal) leordhóthanach chun costais SGA agus brabús a ríomh, cén chaoi a raibh Sucroal ina tháirgeoir éifeachtúil agus cén fáth nach raibh sonraí iontaofa ag táirgeoirí eile le húsáid mar chomparáid, rud a bhain an bonn de roghnú na Colóime mar thír ionadaíoch oiriúnach.

([5]) An Banc Domhanda: Conas a dhéanann an Banc Domhanda tíortha a aicmiú? – Deasc Chabhrach Sonraí an Bhainc Dhomhanda.

(29) Shoiléirigh an Coimisiún gur thuairiscigh sé cheana féin sa Rialachán sealadach (aithris (107)) nach raibh sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca ó Orbis le haghaidh na bliana 2023 ann ach amháin i gcás monaróir aigéid aicéitigh amháin sa Cholóim (Sucroal S.A.) agus monaróir aigéid aicéitigh amháin sa Tuirc (Akkim Kimya Sanayi ve Ticaret A.S.). Chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas freisin in aithris (112) den Rialachán sealadach, agus imscrúdú Oifig Frithmhonaplachta na Tuirce atá ar siúl faoi láthair ar Akkim Kimya Sanayi ve Ticaret A.S. á chur san áireamh, gur chinn an Coimisiún gan breithniú a dhéanamh ar Akkim Kimya Sanayi ve Ticaret A.S a thuilleadh chun costais SGA agus brabús a ríomh. Ós rud é nár mhonaraigh aon cheann de na seacht dtír ionadaíocha fhéideartha aigéad gliocsalach, aigéad gliocólach ná aigéad ocsalach, bhí argóint Trade Corporation International maidir le mí-oiriúnacht tháirgí Sucroal gan bhunús. Ar deireadh, ós rud é nach gceanglaítear leis an mbun-Rialachán aon líon íosta cuideachtaí chun costais SGA agus brabús a ríomh, níor sháraigh an Coimisiún aon fhoráil dlí. Diúltaíodh don argóint.

(30) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh na breithnithe in aithrisí (87) go (119) den Rialachán sealadach.

3.2.3. *Tosca táirgeachta*

(31) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, líomhain Xinjiang Guolin go raibh tagarmharc CNY 12,58/kg an Choimisiúin le haghaidh allmhairí ainhidríde mailéiche go dtí an Cholóim boilscithe. Dúirt Xinjiang Guolin gurbh é CNY 8,09/kg an meánphraghas allmhairiúcháin ar ainhidríd mhailéach isteach san Aontas (gan allmhairí ón tSín agus ó thíortha eile nach tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála iad), agus gurbh é CNY 7,7/kg an meánphraghas allmhairiúcháin ainhidríde mailéiche chuig tíortha comharsanachta i gcás na Brasaíle, agus CNY 7,5/kg i gcás Mheicsiceo. Dúirt Xinjiang Guolin freisin gur chuir an Coimisiún tagarmharc i bhfeidhm in athbhreithniú eatramhach leanúnach an Choimisiúin R825 maidir le bearta frithdhumpála is infheidhme ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([6]), gur chuir an Coimisiún tagarmharc i bhfeidhm le haghaidh allmhairí ainhidríde mailéiche idir CNY 6,7/kg agus CNY 7,7/kg, rud a líomhnaítear a léirigh go raibh an tagarmharc le haghaidh allmhairí ainhidríde mailéiche isteach sa Cholóim ró-ard. Mar mhalairt air sin, mhol Xinjiang Guolin meánphraghas allmhairiúcháin ainhidríde mailéiche a chur i bhfeidhm maidir le hainhidríd mhailéach isteach san Aontas, praghas allmhairiúcháin idirnáisiúnta ainhidríde mailéiche isteach sna tíortha uile, meánphraghas ainhidríde mailéiche sna Stáit Aontaithe, san Eoraip agus san Áise Thoir Theas, meánphraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal CAL d'ainhidríd mhailéach ó na tíortha uile nó gan ach praghas allmhairiúcháin na Téaváine agus na Cóiré isteach sa Cholóim a úsáid.

(32) Thug an Coimisiún dá aire go mbaineann an t-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na Síne dá dtagraíonn Xinjiang Guolin le táirge atá go hiomlán difriúil agus gur imscrúdú ar leithligh é. Ina theannta sin, san imscrúdú sin, ní dhearnadh aon chinneadh go fóill maidir le cén tír a roghnófar mar thír ionadaíoch ar deireadh. In aon chás, sa chás atá idir lámha mhínigh an Coimisiún in aithrisí (107) agus (114) den Rialachán sealadach nach tír ionadaíoch oiriúnach í an Tuirc chun an gnáthluach a ríomh, agus mar thoradh air sin nach mbeadh cur i bhfeidhm an tagarmhairc le haghaidh ainhidríd mhailéach ón Tuirc iomchuí. Thairis sin, mhínigh an Coimisiún in aithrisí (96), (100) agus (106) den Rialachán sealadach, gur suíodh nach tíortha ionadaíocha oiriúnacha iad an Bhrasaíl agus Meicsiceo toisc gur allmhairíodh cuid de na príomh-amhábhair ón tSín den chuid is mó agus nach raibh aon táirgeoir aigéid aicéitigh a raibh faisnéis airgeadais ar fáil go héasca acu chun costais SGA agus brabús a ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na tagarmharcanna le haghaidh ainhidríd mhailéach i Meicsiceo, sa Bhrasaíl agus sa Tuirc.

(33) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go raibh an méid allmhairí ainhidríde mailéiche isteach sa Cholóim teoranta toisc nach raibh níos mó ná 4 664 thona i gceist leis. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún anailís ar thagarmharcanna féideartha eile, lena n-áirítear na roghanna malartacha a mhol Xinjiang Guolin, agus thug sé dá aire gurb í an tSín an t-onnmhaireoir is mó d'ainhidríd mhailéach, agus na Stáit Aontaithe ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ó na Stáit Aontaithe chuig na tíortha uile ar domhan (níor cuireadh onnmhairí chuig an tSín ná chuig tíortha eile nach tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála iad san áireamh) ar leibhéal Costais, Árachais agus Last-Táille ('CAL') mar an tagarmharc is oiriúnaí d'aigéad mailéach. Ba é CNY 9,32/kg an praghas a suíodh dá réir sin. . Tar éis barúlacha breise ó Xinjiang Guolin maidir leis an nochtadh deiridh, cheartaigh an Coimisiún earráid sna sonraí allmhairiúcháin agus chuir sé leis na meándleachtanna allmhairiúcháin ualaithe a ghearr na 10 dtír is mó a onnmhairíonn earraí de thionscnamh na Stát Aontaithe, lenar cumhdaíodh 98 % de na hallmhairí ar fud an domhain de thionscnamh na Stát Aontaithe. Ba é 3,15 % an meánráta dleachta ualaithe a bhí mar thoradh air sin. Ar an mbonn sin, suíodh an praghas ag 8,25 CNY/kg. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála le haghaidh Xinjiang Guolin agus le haghaidh na dtáirgeoirí comhoibríocha onnmhairiúcháin neamhshampláilte. Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoin athrú ar thagarmharc maidir le hainhidríd mhailéach tríd an nochtadh deiridh breise.

([6]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C, C/2024/5344, 30.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5344/oj).

(34) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, líomhain Xinjiang Guolin freisin go raibh an tagarmharc le haghaidh aigéad nítreach íseal go saorga agus gur chuir sé le corrlach dumpála íseal Hubei Hongyuan. Dúirt Xinjiang Guolin nár thug an Coimisiún aghaidh go leordhóthanach ar a bharúil roimhe seo go raibh cinneadh idirdhealaitheach ar na gnáthluachanna ríofa do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne mar thoradh ar phraghas SAB a úsáid le haghaidh fhachtóir táirgeachta Hubei (meánphraghas onnmhairiúcháin idirnáisiúnta aigéid nítrigh), agus an praghas CAL a d'úsáid an Coimisiún le haghaidh Guolin (praghas allmhairiúcháin ainhidríde mailéiche isteach sa Cholóim). D'iarr Xinjiang Guolin ar an gCoimisiún praghas SAB Hubei ar aigéad nítreach a thabhairt cothrom le dáta le praghas CAL trí chostas lasta agus árachais a chur leis, nó praghas onnmhairiúcháin SAB a úsáid le haghaidh na dtosca táirgeachta uile de chuid Hubei agus Xinjiang araon chun a áirithiú go gcloífear le prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainne, an dea-riaracháin agus na comhsheasmhachta le himscrúduithe cosanta trádála eile.

(35) Mhínigh an Coimisiún in aithrisí (129), (130), (136) agus (138) den Rialachán sealadach gur thug sé faoi deara raonta difríochta móra praghsanna agus tomhais éagsúla ar chainníochtaí le haghaidh allmhairí aigéid nítrigh isteach sa Cholóim agus meánphraghas allmhairiúcháin idirnáisiúnta aigéid nítrigh araon. Ós rud é nárbh fhéidir a mheas go bhfuil praghsanna allmhairiúcháin aigéid nítrigh ionadaíoch mar gheall ar luaineacht mhór praghsanna agus aonaid éagsúla tomhas, rinne an Coimisiún anailís ar chuir chuige mhalartacha chun praghas tagarmhairc oiriúnach a shuí. Shuigh an Coimisiún gur thuairiscigh an meánphraghas onnmhairiúcháin idirnáisiúnta chuig na tíortha uile a baineadh as GTA an t-aonad céanna tomhas agus go raibh sé saor ó luaineachtaí praghsanna foircneacha. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gurbh é an meánphraghas onnmhairiúcháin idirnáisiúnta chuig na tíortha uile (SAB) an tagarmharc is iontaofa agus go raibh an cur chuige sin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh a rinne Xinjiang Guolin maidir leis an tagarmharc onnmhairiúcháin le haghaidh aigéad nítreach ina bharúlacha maidir leis an nochtadh sealadach.

(36) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Xinjiang Guolin go raibh na tagarmharcanna maidir le haigéad nítreach agus ainhidríd mhailéach araon bunaithe ar phraghsanna onnmhairiúcháin, ach socraíodh an praghas onnmhairiúcháin ar ainhidríd mhailéach ar leibhéal CAL agus an tagarmharc maidir le haigéad nítreach ar leibhéal SAB. D'athdhearbhaigh Xinjiang Guolin arís a iarraidh praghas SAB Hubei ar aigéad nítreach a thabhairt cothrom le dáta chuig praghas CAL trí chostas lasta agus árachais a chur leis. Mhaígh Xinjiang Guolin freisin gur cheart don Choimisiún méid le haghaidh dleachtanna allmhairiúcháin a chur le praghas onnmhairiúcháin CAL ar aigéad nítreach chun a áirithiú gur léirigh an tagarmharc chun an gnáthluach a ríomh an praghas a d'íocfadh táirgeoir as an amhábhar mar a sheachadtar é ag geata na monarchan. Ríomh Xinjiang Guolin an mheándleacht allmhairiúcháin le haghaidh na ndeich dtír is mó a onnmhairíonn aigéad nítreach, is é sin 75 % de na hallmhairí uile ag 5,7 %.

(37) Ghlac an Coimisiún le barúil Xinjiang Guolin, agus leis an ordú chun an praghas SAB a aistriú go leibhéal CAL, chuaigh sé i muinín shonraí ECFE maidir leis an ráta comhshó ó SAB go praghsanna CAL ar aigéad nítreach ([7]). Thug an Coimisiún dá aire gurbh é 10,51 % corrlach CAL go SAB de chuid ECFE le haghaidh aigéad nítreach sa bhliain dheireanach a breathnaíodh (2022). Measadh gurbh é an corrlach CAL go SAB sin an corrlach ab iomchuí agus cuireadh é leis an meánphraghas onnmhairiúcháin idirnáisiúnta, in éineacht leis na meándleachtanna allmhairiúcháin ualaithe a ghearr na 10 dtír allmhairiúcháin is mó lenar cumhdaíodh 98 % de na hallmhairí ar fud an domhain, a suíodh ag 4,99 %. Suíodh an tagarmharc a tugadh cothrom le dáta le haghaidh aigéad nítreach ag 4,86 CNY/kg, rinneadh athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála le haghaidh Hubei Hongyuan agus le haghaidh na dtáirgeoirí comhoibríocha onnmhairiúcháin neamhshampláilte (aithris (61)) mar thoradh air sin. Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoin athrú ar thagarmharc maidir le haigéad nítreach tríd an nochtadh deiridh breise.

(38) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh Hubei Hongyuan go gcomhlíonann an meánphraghas onnmhairiúcháin idirnáisiúnta ar leibhéal SAB Airteagal 2.6a(a) den bhun-Rialachán agus rialacha EDT cheana féin, agus go mbeadh sé éagórach agus idirdhealaitheach athrú go tagarmharc CAL-bhunaithe ag an gcéim dheiridh sin. Chuir an chuideachta i dtábhacht nach n-áirítear ina praghsanna ceannaigh ar aigéad nítreach dleachtanna idirnáisiúnta lasta, árachais aigéin ná allmhairiúcháin. D'áitigh Hubei Hongyuan gur cheart d'aon choigeartú prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne a urramú, agus d'áitigh sé nár cheart don Choimisiún an modh a athrú bunaithe ar iarraidh ó tháirgeoir onnmhairiúcháin eile gan cúiseanna a bhfuil údar cuí leo. Ina theannta sin, d'áitigh Trade Corporation International ina n-aighneacht nach raibh údar leis an gcoigeartú ar an tagarmharc maidir le haigéad nítreach mar gheall ar easpa fianaise nó réasúnaíochta chun tacú leis an gcoigeartú. Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin toisc gur cheart go léireodh an tagarmharc praghas na dtosca táirgeachta i margadh na tíre ionadaíche, nach mór, mar réamhshocrú, na costais arna dtabhú chun an táirge sin a chur ar an margadh a áireamh, lena n-áirítear costas iomlán an táirge arna sheachadadh.

([7]) OECD Data Explorer • Costais iompair agus árachais idirnáisiúnta na trádála i dtráchtearraí.

(39) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, mhaígh Xinjiang Guolin freisin go raibh tagarmharc an Choimisiúin maidir le haigéad ocsalach (seachtháirge arna mhonarú ag Hubei Hongyuan) go mór os cionn na meánphraghsanna allmhairiúcháin idirnáisiúnta CNY 10,68/kg ó bhunachar sonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe agus go rabhthas in ann méid mór a asbhaint as gnáthluach ríofa Hubei. Thathantaigh Xinjiang Guolin ar an gCoimisiún praghas níos iontaofa agus níos ionadaíche a fháil ar an aigéad ocsalach agus mhol sé praghas allmhairiúcháin ar aigéad ocsalach a chur i bhfeidhm isteach sna tíortha uile ar CNY 10,69/kg ó bhunachar sonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe, nó meánphraghas mhargadhphraghsanna an Aontais agus na Stát Aontaithe ar aigéad ocsalach a chur i bhfeidhm ar CNY 12,35/kg.

(40) Shoiléirigh an Coimisiún gur ríomhadh an gnáthluach le haghaidh Hubei Hongyuan ar bhonn na dtaifead cuntasaíochta a sannadh go heisiach do phróiseas monaraíochta aigéid ghliocsalaigh. Ós rud é gur taifeadadh costas monaraíochta aigéid ocsalaigh ar leithligh sa chuntasaíocht, ní raibh ar an gCoimisiún a chostas monaraíochta a asbhaint le linn gnáthluach an aigéid ghliocsalaigh a bheith á ríomh. Dá bhrí sin, níor úsáid an Coimisiún an tagarmharc le haghaidh aigéad ocsalach, a foilsíodh sa Rialachán sealadach i dTábla 1- *Tosca táirgeachta maidir le haigéad gliocsalach* sa deireadh, agus ní raibh tionchar aige ar ríomh ghnáthluach Hubei Hongyuan. Measadh, dá bhrí sin, go raibh an maíomh gan bhunús.

(41) Thairis sin, mhínigh Xinjiang Guolin go raibh dhá mhonarcha ag an gcuideachta, ceann amháin in Xinjiang agus ceann eile in Shandong. Líomhain Xinjiang Guolin gur mhéadaigh an Coimisiún costas monaraíochta na hainhidríde mailéiche trí chostais iompair na hainhidríde mailéiche a ceannaíodh a chur le monarcha Xinjiang Guolin in Xinjiang leis an gcostas ainhidríde mailéiche athríofa, chomh maith leis na costais iompair idir dhá mhonarcha Xinjiang Guolin. Dúirt Xinjiang Guolin gur thug an Coimisiún cuntas cheana féin ar chostais iompair ainhidríde mailéiche nuair a d'úsáid sé praghas allmhairiúcháin CAL na Colóime ar ainhidríd mhailéach, toisc go raibh an lasta intíre sna tíortha onnmhairiúcháin agus an muirlasta agus an t-árachas sa phraghas CAL cheana féin. DhearbhaighXinjiangGuolin gur cosúil go ndearna an Coimisiún na costais iompair a chomhaireamh faoi dhó sa chostas athríofa a bhaineann leis an ainhidríd mhailéach a mhonarú nuair a chuir sé praghas allmhairiúcháin CAL na Colóime in ionad luach na hainhidríde mailéiche agus d'iarr sé go mbainfí an costas iompair.

(42) D'aontaigh an Coimisiún go raibh tagarmharc na Colóime le haghaidh ainhidríd mhailéach ar leibhéal praghsanna CAL agus go raibh costais iompair chuig an teorainn san áireamh ann. Mar sin féin, is é cleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin costais iompair ón teorainn chuig geata na monarchan a chur san áireamh agus an gnáthluach á ríomh. Áirítear i ríomh an ghnáthluacha méadú ar luach an tagarmhairc idirnáisiúnta de réir chóimheas na gcostas iompair le costais ábhar, mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Ní léirítear i gceart luach na n-ábhar ionchuir, mar a sheachadtar chuig geata monarchan táirgeora sa tír ionadaíoch iad, ach amháin trí na costais sin a chur leis. Dá bhrí sin, sa cheistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin, d'iarr an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe maidir le costais iompair idirnáisiúnta agus intíre, dleachtanna is infheidhme, agus cánacha is infheidhme arna dtabhú chun ábhair a cheannach san airgeadra cuntasaíochta. Ar bhonn cheistneoir fíoraithe Xinjiang Guolin, thug an Coimisiún dá aire gur sonraíodh ar an sonrasc an costas iompair iarbhír a bhaineann le hainhidríd mhailéach a cheannach. Cuireadh an costas iompair sin leis agus le linn don ghnáthluach a bheith á ríomh.

(43) Thug an Coimisiún dá aire freisin nár íocadh aon chostas iompair as na criostail aigéid ghliocsalaigh a sheoladh ón monarcha in Xinjiang go dtí an mhonarcha in Shandong. In éagmais costas iompair iarbhír a íocadh, rinne Xinjiang Guolin meastachán ar chostas iompair na gcriostal aigéid ghliocsalaigh ón monarcha in Xinjiang go dtí an mhonarcha in Shandong, i ndoiciméad a cuireadh isteach tar éis na cuairte fíorúcháin. Tar éis barúlacha a chuir Xinjiang Guolin isteach, rinne an Coimisiún costas iompair measta sin an táirge leathchríochnaithe a ath-leithdháileadh ar fhorchostais mhonaraíochta, toisc go raibh an costas iompair idir an dá mhonarcha den eintiteas dlítheanach céanna mar gheall ar mhonarú na gcriostal aigéid ghliocsalaigh (ba é ainhidríd mhailéach, saothar, leictreachas, uisce etc. costas na monaraíochta), agus measadh gurbh iad na forchostais mhonaraíochta an chatagóir iomchuí i ríomh an ghnáthluacha. Dá bhrí sin, glacadh go páirteach leis an maíomh agus rinneadh an corrlach dumpála le haghaidh Xinjiang Guolin a athríomh. Suíodh an corrlach dumpála cinntitheach le haghaidh Xinjiang Guolin in aithris (61).

(44) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hubei Hongyuan go raibh teorainn leis an méid allmhairí gliocóil eitiléine isteach sa Cholóim toisc nach raibh ann ach 4 961 thona. D'iarr Hubei Hongyuan ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar thagarmharcanna féideartha eile, atá cosúil le hainhidríd mhailéach. Mhaígh Hubei Hongyuan gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ó na Stáit Aontaithe chuig na tíortha uile ar domhan (níor cuireadh onnmhairí chuig an tSín ná chuig tíortha eile nach tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála iad san áireamh) ar leibhéal Costais, Árachais agus Last-Táille ('CAL') mar an tagarmharc is oiriúnaí do ghliocól eitiléine.

(45) Mheas an Coimisiún nár thug Hubei Hongyuan bunús leis an maíomh go raibh meánphraghas allmhairiúcháin gliocóil eitiléine chuig an gColóim boilscithe. Níor chuir Hubei Hongyuan in iúl ach go raibh na méideanna allmhairí gliocóil eitiléine chuig an gColóim teoranta ach níor thug sé aon fhianaise ar aghaidh go raibh an luach tagarmhairc míréasúnta, míchuí nó neamhiontaofa. Diúltaíodh don mhaíomh.

(46) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hubei Hongyuan go raibh an tagarmharc le haghaidh gliocsail boilscithe. Mhaígh sé go raibh an praghas aonaid gliocsail a d'úsáid an Coimisiún idir 3,15 CNY/kg agus 2 269,5 CNY/kg, agus go raibh tionchar ag na luaineachtaí praghsanna ar ríomh an tagarmhairc agus go raibh sé boilscithe mar gheall orthu. D'iarr Hubei Hongyuan ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ó na Stáit Aontaithe chuig na tíortha uile ar domhan (níor cuireadh onnmhairí chuig an tSín ná chuig tíortha eile nach tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála iad san áireamh) ar leibhéal Costais, Árachais agus Last-Táille ('CAL') mar an tagarmharc is oiriúnaí do ghliocsal.

(47) Thug an Coimisiún dá aire nár bhain na luachanna foircneacha a luaigh Hubei Hongyuan ach le cainníocht an-teoranta allmhairí gliocsail (dhá chás d'allmhairí 0,1 kg gliocsal). Dá réir sin, bhí na luachanna foircneacha sin diomaibhseach sa mhéid foriomlán allmhairí agus bhí tionchar diomaibhseach aige ar ríomh luach an tagarmhairc maidir le gliocsal. Tá an chuid eile de na sonraí allmhairiúcháin comhsheasmhach agus níor chuir Hubei Hongyuan ina aghaidh. Diúltaíodh don mhaíomh.

(48) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh na breithnithe in aithrisí (120) go (162) den Rialachán sealadach.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(49) In éagmais barúlacha, deimhníodh na breithnithe in aithrisí (163) go (164) den Rialachán sealadach.

3.4. **Comparáid**

(50) Ina n-aighneachtaí tar éis bearta sealadacha a fhorchur, thug Hubei Hongyuan agus Xinjiang Guolin dá n-aire go bhfuil 'costas dáileacháin' i gcostais SGA na cuideachta Colómaí Sucroal S.A. a úsáideann an Coimisiún chun an gnáthluach a ríomh, rud a chomhfhreagair d'eilimintí costais ar caiteachas díreach é arna thabhú thar an leibhéal díreach ón monarcha. Dá réir sin, níor cheart iad a bheith curtha san áireamh agus gnáthluach ríofa na cuideachta atá faoi imscrúdú á ríomh.

(51) Thug an Coimisiún dá aire gur cuid de chostais SGA iad na 'costais dáileacháin' arna dtuairisciú ag Sucroal S.A. Léiríodh é sin leis an bhfíoras go ndéantar 'costais eile' a thuairiscítear i mbunachar sonraí Orbis a dhí-chomhiomlánú ina 'gcostais dáileacháin', 'costais riaracháin' agus 'costais eile' sna sonraí arna soláthar ag údaráis na Colóime. Leis na sonraí atá ar fáil, ní dhearnadh idirdhealú a thuilleadh laistigh de na costais dáileacháin lena bhféadfaí catagóirí sonracha costas a shainaithint agus a eisiamh. Dá réir sin, is costais díola iad costais dáileacháin, a bhféadfadh costais iompair a bheith san áireamh leo, ach catagóirí eile costas freisin, amhail saoráidí stórála agus dáileacháin a léasú, lena n-áirítear an t-innealra agus na feithiclí is gá, nó fógraíocht agus taighde margaidh, ar costais iad nár asbhaineadh ón bpraghas onnmhairiúcháin. Go deimhin, baineann na costais sin leis an leibhéal trádála díreach ón monarcha agus ní bhainfí iad mar ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála sin. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár sholáthair Hubei Hongyuan, nó Xinjiang Guolin fianaise maidir le miondealú na gcostas dáileacháin sin chun tacú leis an maíomh gan iad a áireamh sa ghnáthluach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(52) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Hubei Hongyuan ar an gCoimisiún na 'costais dáileacháin' a asbhaint as ríomh chostais SGA Sucroal agus á lua aige go gciallaíonn an leibhéal 'díreach ón monarcha' go seachadann an díoltóir nuair a chuireann sé na hearraí ar fáil don cheannaitheoir in áitreabh an díoltóra nó in áit ainmnithe eile (i.e. oibreacha, monarcha, trádstóras, etc.), lena soiléirítear a thuilleadh nach gá don díoltóir na hearraí a lódáil ar aon fheithicil bhailiúcháin, ná nach gá dó na hearraí a imréiteach lena n-onnmhairiú, i gcás inarb infheidhme an t-imréiteach sin. D'iarr Hubei Hongyuan ar an gCoimisiún aon chostas iompair a áirítear i gcostais SGA a asbhaint. Mhaígh Hubei Hongyuan freisin nár cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt go héagórach ar na costais díola dhírigh a áirítear sna 'costais dáileacháin' agus dochar a dhéanamh do leasanna na n-onnmhaireoirí sampláilte toisc nach bhféadfadh an Coimisiún an fhaisnéis mhionsonraithe ar mhiondealú a fháil chun idirdhealú a dhéanamh a thuilleadh laistigh de na costais dáileacháin lena bhféadfaí catagóirí sonracha costas a shainaithint agus a eisiamh. D'áitigh Hubei Hongyuan, mura bhféadfadh an Coimisiún na sonraí ábhartha a fháil ar deireadh chun idirdhealú a dhéanamh a thuilleadh laistigh de na costais dáileacháin, gur cheart don Choimisiún na 'costais dáileacháin' uile a asbhaint gan idirdhealú a dhéanamh a thuilleadh nó coigeartú a dhéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin trí na costais iompair a áireamh.

(53) Thug an Coimisiún dá aire go sainmhínítear leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (caighdeáin IAS 1) costas dáileacháin mar cheann de na heilimintí den chostas díolachán agus gur ghlac sé leis an gcatagóir chun costais SGA a ríomh. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon fhaisnéis mhionsonraithe maidir le miondealú chostais SGA Sucroal a bhaineann le 'costais dáileacháin' ar fáil go héasca, ná nár chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin (Hubei Hongyuan nó Xinjiang Guolin) ar fáil é chun ligean don Choimisiún aon chostas iompair a d'fhéadfadh a bheith ann a asbhaint thar an leibhéal 'díreach ón monarcha'. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ós rud é nár léirigh Hubei Hongyuan nár tuairiscíodh na costais SGA a d'úsáid an Coimisiún cheana féin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha nó go mbeadh méid costais SGA mar thoradh orthu nach mbeadh 'réasúnta' ar an leibhéal trádála sin, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(54) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, d'iarr Xinjiang Guolin a thuilleadh ar an gCoimisiún costais SGA agus ranníocaíocht bhrabúis Qingdao Guolin (máthairchuideachta atá freagrach as díolacháin idirnáisiúnta) a eisiamh ó ríomh an phraghais onnmhairiúcháin ag maíomh nach gcomhlíonann Qingdao Guolin feidhm gníomhaire. Mhaígh Xinjiang Guolin go raibh Xinjiang Guolin agus Qingdao Guolin faoi réir rialú eacnamaíoch aonair, go n-oibríonn siad le chéile mar ghnóthas aonair le roinnt feidhmeanna chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh agus a thrádáil, agus nach mbunaítear a gcaidreamh ar choimisiún íoctha atá cosúil le coimisiún gníomhaireachta. D'áitigh Xinjiang Guolin gur le Qingdao Guolin (máthairchuideachta) 100 % de Xinjiang Guolin agus go raibh Qingdao Guolin freagrach as na díolacháin onnmhairiúcháin aigéid ghliocsalaigh uile, agus gur oibrigh Xinjiang Guolin mar mhonarcha le haghaidh Qingdao Guolin agus gur rialaigh sé díolacháin intíre go heisiach.

(55) Mar a mhínítear in aithris (174) den Rialachán sealadach, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcás inar díoladh táirgí ón gcuideachta táirgeoirí le cuideachtaí eile sa ghrúpa céanna agus inar onnmhairíodh chuig an Aontas iad ina dhiaidh sin, de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán maidir leis an uasmharcáil a fuair an trádálaí comhlachaithe, aon uair a measadh go gcomhlíonann na trádálaithe feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Thug an Coimisiún dá aire maidir leis na freagraí ar an gceistneoir a chuir Xinjiang Guolin isteach, agus go háirithe cur i láthair na cuideachta ar Qingdao Guolin agus sreabhchairt na ndíolachán onnmhairiúcháin, go léiríonn siad an mháthairchuideachta mar 'trádálaí' agus go bhfuil fianaise iontu gur ann do chaibidlíocht maidir le téarmaí trádála idir an chuideachta táirgthe (Xinjiang Guolin) agus an trádálaí (Qingdao Guolin).

(56) Thug an Coimisiún dá aire freisin gur ann do mheabhrán idir Xinjiang Guolin agus Qingdao Guolin lena rialaítear na praghsanna onnmhairiúcháin go heisiach. Bhí clásail sa mheabhrán ina sonraítear céatadán praghais, ag brath ar an gcineál aigéid ghliocsalaigh, a gearradh chun tairbhe na cuideachta bainistíochta. Níos tábhachtaí fós, bhí clásail maidir le réiteach díospóidí os comhair cúirte sa chonradh ceannaigh intíre idir Xinjiang Guolin agus Qingdao Guolin. Mar gheall ar an bhfianaise sin a bheith ann, cuirtear bac ar chuideachtaí Guolin atá bunaithe i nDaon-Phoblacht na Síne a thréithriú mar eintiteas eacnamaíoch aonair, ina bhfuil Qingdao Guolin ina roinn díolacháin inmheánach de Xinjiang Guolin. De réir an chásdlí ([8]), má tá clásal eadrána ann a bhfuil sé beartaithe leis díospóidí conarthacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an dá chuideachta chonarthacha a réiteach, mar aon leis an easpa dlúthpháirtíochta idir na cuideachtaí sin, glactar leis ní hamháin gur ann do bheirt daoine dlítheanacha ar leith, ach gur ann do dhá eintiteas eacnamaíocha a bhfuil leasanna éagsúla acu freisin, agus ní cosúil go bhfuil sé inréitithe le heintiteas eacnamaíoch aonair a bheith ann agus le haicmiú ceann de na cuideachtaí sin mar roinn inmheánach díolacháin ([9]). Ní raibh aon fhoráil chomhchosúil ann maidir le díolacháin intíre na cuideachta bainistíochta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh gur eintiteas eacnamaíoch aonair iad Xinjiang Guolin agus Qingdao Guolin.

(57) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh na breithnithe in aithrisí (165) go (174) den Rialachán sealadach.

3.5. **Corrlach dumpála**

(58) Mar a shonraítear in aithris (33) thuas, tar éis maímh ó Xinjiang Guolin maidir leis an luach tagarmhairc le haghaidh ainhidríd mhailéach, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála.

([8]) Féach mar shampla Breithiúnas an 25 Meitheamh 2015 i gCás T-26/12 PT Musim Mas (lgh. 56-58); Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022 i gCás T-865/19 AO Nevinnomysskiy Azot agus *NAK Azot*v an Coimisiún (lgh. 93-95).

([9]) Féach mar shampla Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *Sveza Verkhnyaya Sinyachikha NAO agus páirtithe eile v An Coimisiún Eorpach*, T-2/22, ECLI:EU:T:2024:615, mír 57.

(59) Tar éis an réamhnochta, chuir Guangdong Joy Chemical Co., Ltd, Inner Mongolia Tianyuda Biological Technology Co., Ltd. agus Jinyimeng Group Co., Ltd. barúlacha isteach maidir leis an modheolaíocht chun na corrlaigh dhumpála a ríomh. Líomhain na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha neamhshampláilte uile de chuid na Síne go raibh a bpróiseas monaraíochta comhionann le próiseas monaraíochta Hubei Hongyuan agus go raibh a gcostais táirgthe gar do chostais táirgthe Hubei Hongyuan. Mhaígh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha neamhshampláilte de chuid na Síne go raibh sé míchuí agus míchruinn meán na gcorrlach dumpála arna ríomh le haghaidh Hubei Hongyuan agus Xinjiang Guolin a chur i bhfeidhm, toisc nár úsáid aon cheann de na táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte próiseas monaraíochta Xinjiang Guolin ná na hamhábhair chéanna. D'iarr na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha neamhshampláilte de chuid na Síne ar an gCoimisiún an dleacht frithdhumpála chéanna a chur i bhfeidhm agus atá ag Hubei Hongyuan.

(60) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh 25 %-35 % de na honnmhairí aigéid ghliocsalaigh iomlána chuig an Aontas agus 40 %-50 % de na cainníochtaí a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i gceist leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Dá bhrí sin, bhí an sampla ionadaíoch do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne. Mheabhraigh an Coimisiún freisin nach bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla a roghnaíodh. Chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht a fhorordaítear sa bhun-Rialachán i bhfeidhm chun corrlaigh dhumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte a ríomh, i.e. chuir sé meándleacht ualaithe dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte i leith na bpáirtithe sin. Diúltaíodh don mhaíomh.

(61) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den phraghas costais, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Hubei Hongyuan	29,2 %
Xinjiang Guolin	130,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	64,0 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	210,5 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(62) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, d'áitigh Trade Corporation go bhfuil locht ar thorthaí an imscrúdaithe maidir leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais toisc gur bhunaigh an Coimisiún iad ar 'feidhmíocht agus imthosca cuideachta aonair amháin, a bhféadfadh nach ionadaíoch é ar chomhthéacs tionscail níos leithne'. Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh, déanann an gearánach ionadaíocht thar ceann Thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, dá bhrí sin diúltaítear do bharúlacha Trade Corporation.

(63) In éagmais aon bharúil eile, deimhnítear na torthaí in aithrisí (184) go (186) den Rialachán sealadach.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh**

(64) In éagmais barúlacha maidir le margadh ábhartha an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (187) go (191) den Rialachán sealadach.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(65) In aithris (194) den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún go ndíoltar aigéad gliocsalach mar dhá ullmhóid, is é sin tuaslagán 50 % d'aigéad gliocsalach nó criostail de mhonaihiodráit aigéid ghliocsalaigh. Chun comparáid a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla aigéid ghliocsalaigh, thug an Coimisiún dá aire go mbíonn 78,8 % d'aigéad gliocsalach i dtona amháin de chriostail aigéid ghliocsalaigh de ghnáth, ach go mbíonn 50 % d'aigéad gliocsalach i dtona amháin de thuaslagán aigéid ghliocsalaigh de ghnáth. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil tona amháin de chriostail aigéid ghliocsalaigh coibhéiseach le 1 576 thona de thuaslagán aigéid ghliocsalaigh. Ós rud é gurb iad Xinjiang Guolin an t-aon táirgeoir aitheanta criostal aigéid ghliocsalaigh, ní raibh an tiontú i bhfeidhm ach amháin ar a gcainníocht siúd criostal a onnmhairíodh chuig an Aontas.

(66) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin Xinjiang Guolin in aghaidh úsáid an fhachtóra coinbhéartachta 1 576 thona chun aigéad gliocsalach criostail a thiontú go 50 % d'aigéad gliocsalach leachtach. D'athdhearbhaigh an chuideachta an bharúil sin tar éis an nochta deiridh, ach níor chuir sí aon ghné bhreise ar fáil ina leith sin.

(67) Thug an Coimisiún dá aire go raibh ríomh an fhachtóra coinbhéartachta bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir cion iarbhír PUI an aigéid ghliocsalaigh sholadaigh agus an tuaslagán 50 %. Chun cion aigéid ghliocsalaigh a ríomh, chuir an Coimisiún ionacht 98 % le haghaidh monaihiodráit aigéid ghliocsalaigh san áireamh i sonraíochtaí táirge na gcriostal, agus ní maidir leis an bhfachtóir coinbhéartachta idir an dá fhoirm mar a tuairiscíodh le haghaidh mhonarcha Guolin, toisc nach mbaineann sé sin le cion iarbhír aigéid ghliocsalaigh. Ar an mbonn sin, agus meáchan móilíneach monaihiodráite aigéid ghliocsalaigh agus aigéid ghliocsalaigh á chur san áireamh, ríomh an Coimisiún go bhfuil an méid céanna aigéid ghliocsalaigh i 1,576 kg de thuaslagán 50 % agus atá in aon kg criostal. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

(68) In éagmais barúlacha eile maidir le tomhaltas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (192) go (196) den Rialachán sealadach.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tSín*

(69) Dúirt Jaer, úsáideoir, gur cheart don Choimisiún a anailís díobhála a bhunú ar dhearbhmhéid na n-allmhairí seachas ar sciar na n-allmhairí i margadh an Aontais. Mhaígh sé nach mbaineann an laghdú ar bhrabúsacht Thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú le hallmhairí na Síne ós rud é gur tháinig laghdú 13 % ar mhéid na n-allmhairí le linn na tréimhse céanna. Thug an Coimisiún dá aire, mar a mhínítear in aithris (201) den Rialachán sealadach, gur tháinig laghdú ar allmhairí, atá nasctha leis an gcrapadh ar an éileamh. D'ainneoin an laghdaithe ar mhéideanna, tháinig méadú 18 % (11 phointe céatadáin) ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne. Léirigh éabhlóid an sciar den mhargadh go cuí go gcuirfí allmhairí na Síne in ionad táirge thionscal an Aontais, rud ba chúis le caillteanas brabúsachta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(70) In éagmais barúlacha eile, deimhnítear aithrisí (197) go (201) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(71) Mhaígh Jaer nach raibh aon ísliú praghsanna ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc go raibh praghas thionscal an Aontais níos airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin ná praghsanna in 2021 agus nár léirigh sé ach laghdú measartha a bhí ábhartha do 2023, rud a mhaígh Jaer a bhí i gcomhréir le costais fuinnimh laghdaithe. Thug an Coimisiún dá aire gurbh é 13.6 % ([10]) an t-athrú ar an innéacs praghsanna don tréimhse faoi bhreathnú sa Fhrainc, an tír ina bhfuil tionscal an Aontais bunaithe. Mar a leagtar amach in aithris (225) den Rialachán sealadach, tháinig méadú 12 % ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse sin. Dá bhrí sin, agus boilsciú á chur san áireamh, tá praghsanna thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin níos ísle ná mar a bhí siad in 2021.

(72) Mhaígh Jaer freisin nach raibh aon chúngú ar phraghsanna ann mar gheall ar allmhairí na Síne toisc nár tháinig ach laghdú 10 % ar allmhairí na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mheabhraigh an Coimisiún, mar a luaitear in aithris (205) den Rialachán sealadach, gur laghdaigh tionscal an Aontais, agus é ag dul i ngleic le caillteanas sciar den mhargadh mar gheall ar iomaíocht le hallmhairí dumpáilte níos saoire ón tSín, a phraghas go dtí leibhéil i bhfad faoi bhun chostas na monaraíochta, chun méid díolachán a choinneáil a lig dóibh táirgeadh a dhéanamh. Bhí caillteanais mhóra ann toisc nach raibh sé ar a gcumas dóibh praghsanna a ardú, rud a rinne díobháil do thionscal an Aontais. Diúltaíodh do mhaímh Jaer.

([10]) Praghsanna do thomhaltóirí - boilsciú - Míniú ar Staidreamh - Eurostat.

(73) In aithrisí (206) go (207) den Rialachán sealadach, chuir an Coimisiún in iúl conas a cinneadh an sladghearradh praghais. Go háirithe, mhínigh an Coimisiún gur ríomhadh na meánphraghsanna ualaithe in aghaidh an chineáil táirge ar bhonn Costais, Árachais agus Last-táille (CAL), agus dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin á gcur san áireamh. Mar chéad chéim sna ríomhanna sin, rinneadh idirbhearta onnmhairiúcháin a chatagóiriú faoin Uimhir Rialaithe Táirge iomchuí. Maidir leis na ríomhanna sladghearrtha, chuir Xinjiang Guolin in aghaidh roinnt idirbheart a athaicmiú ón Uimhir Rialaithe Táirge cáilíochta caighdeánaí 'S' go dtí an Uimhir Rialaithe Táirge ardcháilíochta 'H'. Sholáthair an chuideachta deimhnithe anailíse a léiríonn go raibh na heisíontais de chineál go raibh an táirge cáilithe faoin Uimhir Rialaithe Táirge 'S' mar gheall orthu. Dá bhrí sin, glacadh leis an maíomh, agus aicmíodh na hidirbhearta uile faoin Uimhir Rialaithe Táirge 'S'.

(74) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'eisigh Xinjiang Guolin ráiteas i mír (59) freisin sa doiciméad nochta deiridh ina ndúradh gur chuir Guolin in aghaidh ríomh na gcostas iar-allmhairiúcháin le haghaidh aigéad gliocsalach criostail. Chuir Guolin isteach nach ndearna sé aon mhaíomh den sórt sin riamh. Go deimhin, níor mhaígh Guolin go raibh ceartú na hearráide sin sna ríomhanna sealadacha, ach shainaithin agus cheartaigh an Coimisiún é. Nochtadh an ceartú do pháirtithe sa doiciméad nochta deiridh.

(75) Go deimhin, thug an Coimisiún dá aire gur ríomhadh na costais iar-allmhairiúcháin de réir na gcainníochtaí tar éis criostail a thiontú go tuaslagán 50 %, ach gur cheart iad a ríomh ar bhonn chainníocht iarbhír na gcriostal aigéid ghliococsalaigh. Dá bhrí sin, cheartaigh an Coimisiún é sin tráth an nochta deiridh.

(76) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Xinjiang Guolin freisin, dá dtiontódh an Coimisiún na honnmhairí criostail go méid tuaslagáin, gur cheart dó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun an tiontú sin a léiriú trí EUR 0,06 in aghaidh kg a chur leis, rud a mhaítear gurb é an costas chun na criostail a thiontú ar ais go leacht. Tá an costas tiontaithe breise sin, áfach, mar chuid de struchtúr costais cheannaitheoirí na gcriostal agus ní cuid den phraghas onnmhairiúcháin é. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(77) Mar gheall ar na maímh agus an ceartú a leagtar amach thuas, rinneadh athbhreithniú ar an meánchorrlach sladghearrtha ualaithe le haghaidh allmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais agus tá sé idir 12 % agus 30 %.

(78) In éagmais barúlacha maidir le tomhaltas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (202) go (207) den Rialachán sealadach.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(79) In éagmais barúlacha anuas orthu siúd a dtugtar aghaidh orthu in aithris (62) den Rialachán seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (208) go (211) den Rialachán sealadach.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(80) Mhaígh Jaer nár léirigh an Coimisiún díobháil ina anailís ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais. Thug an chuideachta dá haire go raibh méadú 38 % ar tháirgeacht sa tréimhse imscrúdúcháin (mí Iúil 2023 go Meitheamh 2024) atá ábhartha maidir le 2023. Thug an Coimisiún dá aire go gcuirtear treochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú san áireamh san anailís díobhála. Sa tréimhse imscrúdúcháin, bhí an chainníocht táirgeachta ag 47 % de na leibhéil in 2021. Mar a mhínítear in aithris (213) den Rialachán sealadach, ní raibh an méadú imeallach ar an méid táirgeachta ó 41 % i gcomparáid le 2021 in 2023 go 47 % i gcomparáid le 2021 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar méadú ar ordú teoranta é in aon chás, ann ach amháin trí phraghsanna a laghdú faoi bhun na gcostas táirgthe, mar gheall ar iomaíocht le hallmhairí dumpáilte na Síne, agus dá bhrí sin, bhí caillteanais níos mó fós ann mar a léirítear in aithris (232) den Rialachán sealadach. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

(81) In éagmais barúlacha seachas na barúlacha sin ar a dtugtar aghaidh in aithris (80), dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí mar a leagtar amach in aithrisí (212) go (214) den Rialachán sealadach.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(82) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (215) go (217) den Rialachán sealadach.

4.5.2.3. Fás

(83) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí a leagtar amach in aithris (218) den Rialachán sealadach.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(84) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (219) go (221) den Rialachán sealadach.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(85) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (222) agus (223) den Rialachán sealadach.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(86) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (224) go (227) den Rialachán sealadach.

4.5.3.2. Costais saothair

(87) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (228) agus (229) den Rialachán sealadach.

4.5.3.3. Fardail

(88) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (228) agus (229) den Rialachán sealadach.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(89) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí a leagtar amach in aithrisí (232) agus (237) den Rialachán sealadach.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(90) Chinn an Coimisiún, de bhun na dtorthaí a nochtadh sa Rialachán sealadach, gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(91) Mhaígh Jaer nach mbaineann an laghdú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais mar a léirítear sa laghdú ar tháirgeacht agus ar bhrabúsacht le hallmhairí na Síne ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar a méid ó 2021.

(92) Mar a pléadh i roinn 4.5 den Rialachán sealadach, léiríodh go soiléir sna sonraí le linn na tréimhse faoi bhreathnú díláithriú méideanna díolacháin thionscal an Aontais de bharr phraghas íseal allmhairí na Síne sa saormhargadh, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar tháirgeacht an Aontais. Is é an éifeacht is mó ar úsáid acmhainneachta a thit faoi bhun 50 %, ráta neamh-inbhuanaithe do thionscal na gceimiceán, mar a léirítear leis an gcaillteanas brabúsachta. Léirítear go soiléir sa tréimhse imscrúdúcháin an nasc idir caillteanas sciar den mhargadh agus laghdú táirgeachta ar thaobh amháin agus praghas íseal allmhairí na Síne ar an taobh eile, áit a raibh tionscal an Aontais in ann sciar áirithe den mhargadh a fháil ar ais agus táirgeacht a mhéadú trí phraghsanna a laghdú, cé go raibh caillteanais mhóra á dtabhú aige. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(93) Mhaígh Trade Corporation nár shuigh an Coimisiún an nasc cúisíoch idir allmhairí agus díobháil, toisc nár shuigh sé gur táirgeoir éifeachtúil é tionscal an Aontais agus nach i ngeall ar a iompraíocht féin atá a chaillteanais líomhnaithe. Níor chuir an t-úsáideoir aon fhianaise ar fáil, áfach, chun tacú lena mhaíomh. Thug an Coimisiún dá aire in aithrisí (238) go (244) den Rialachán sealadach gur fheidhmigh tionscal an Aontais go maith ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, agus go raibh táscairí díobhála ag leibhéil shláintiúla go ginearálta in 2021. Go dtí 2022, d'úsáid sé an acmhainneacht táirgeachta agus bhí leibhéal sláintiúil brabúsachta aige. Mar sin féin, ón 2022 nuair a tháinig méadú ar allmhairí na Síne ar phraghsanna ísle, tháinig laghdú ar dhíolacháin, ar sciar den mhargadh agus ar bhrabúsacht chomh maith le laghdú comhfhreagrach ar tháirgiúlacht ar mhargadh an Aontais. Thairis sin, in aithris (246) den Rialachán sealadach, shuigh an Coimisiún gur tháinig méadú 18 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí dumpáilte aigéid ghliocsalaigh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse céanna, mar a leagtar amach in aithrisí (215) go (217) den Rialachán sealadach, tháinig laghdú 48 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais agus tháinig laghdú 30 % ar a sciar den mhargadh. Dá bhrí sin, in aithris (248) den Rialachán sealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna méadú nach beag ar sciar den mhargadh i gcás allmhairí dumpáilte ón tSín, ar phraghsanna a bhí ag sladghearradh praghsanna an Aontais go mór, díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(94) Tar éis an nochta deiridh, dúirt Jaer nár thug an anailís fhoriomlán ar dhíobháil agus ar nasc cúisíoch míniú réasúnta a raibh údar cuí leis go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú agus go raibh an anailís claonta mar gheall ar roghnú 2021 mar bhliain tosaigh na tréimhse faoi bhreathnú.

(95) Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh na táscairí díobhála go raibh méadú ag teacht ar an díobháil do thionscal an Aontais tar éis 2022 freisin: tháinig laghdú leanúnach ar an bhfostaíocht, tháinig laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais go líneach gach bliain. Tháinig laghdú freisin ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, tá an meath ar staid thionscal an Aontais le feiceáil freisin nuair a chuirtear an tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022 agus 2023. Thairis sin, cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais, tháinig feabhas ar sheasamh allmhairí na Síne ar mhargadh an Aontais, rud a léirítear sa mhéadú ar an sciar den mhargadh (%) a bhí ag an tSín. Seachas an tAontas, is í an tSín an t-aon táirgeoir eile aigéid ghliocsalaigh ar domhan, dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag allmhairí dumpáilte aigéid ghliocsalaigh na Síne ar tháirgeoir an Aontais. Tháinig laghdú mór ar phraghsanna na Síne in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, rud ba chúis le hísliú praghsanna ar thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(96) In éagmais barúlacha breise maidir le héifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (246) go (248) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(97) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí a leagtar amach in aithris (249) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(98) Dúirt Jaer go raibh praghsanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais níos ísle ná praghsanna mhargadh an Aontais, rud a thugann le tuiscint go raibh praghsanna an Aontais boilscithe. Le linn na cuairte fíorúcháin ar áitreabh thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún faisnéis gurbh é an modh iompair agus cainníochtaí na gcoinsíneachtaí onnmhairiúcháin ba chúis leis sin. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

(99) Dúirt Trade Corporation nach bhféadfaí an crapadh ar onnmhairí a chur i leith allmhairí dumpáilte na Síne. In aithris (252) den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún anailís ar an laghdú ar onnmhairí mar thoisc sa laghdú ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ach níor chuir sé an laghdú i leith allmhairí na Síne isteach san Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil.

(100) In éagmais barúlacha breise, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (250) go (254) den Rialachán sealadach.

5.2.3. *Méaduithe costais ar amhábhair agus ar phraghsanna fuinnimh*

(101) Mhaígh Jaer, Trade Corporation agus Hubei Hongyuan gurbh é méadú ar phraghsanna fuinnimh ba chúis leis an laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais.

(102) Mar a luaitear in aithrisí (226) agus (255) den Rialachán sealadach, bhí costais táirgthe níos airde roimh thionscal an Aontais le linn 2022, mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Mar sin féin, fiú ó 2023 nuair a thosaigh na praghsanna fuinnimh ag laghdú ([11]), bhí sé dodhéanta do thionscal an Aontais praghas díola brabúsach a shocrú, i bhfianaise iomaíocht allmhairí na Síne ar phraghsanna dumpáilte. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.2.4. *Tomhaltas*

5.2.4.1. Laghdú ar éileamh

(103) Mhaígh Jaer, Trade Corporation agus Hubei Hongyuan gur tharla díobháil freisin mar gheall ar chrapadh mhargadh an Aontais d'aigéad gliocsalach. Mhaígh na páirtithe céanna gur feiniméan ginearálta é an crapadh ar an éileamh arb é crapadh earnáil na gceimiceán san Aontas is cúis leis, agus dá bhrí sin nach bhfuil sé inchurtha i leith allmhairí dumpáilte aigéid ghliocsalaigh.

(104) Sa Rialachán sealadach, in aithris (256), d'admhaigh an Coimisiún gur luainigh margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú le crapadh 28 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin i ndáil le 2021. Mar a mhínítear san aithris, gan beann ar na luaineachtaí sa mhargadh, lean an sciar a bhí ag allmhairí na Síne de bheith ag méadú fiú le linn tréimhsí craptha agus, ní raibh tionscal an Aontais in ann a sciar den mhargadh a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh an crapadh ar an éileamh an nasc cúisíoch.

(105) In éagmais barúlacha breise maidir le héifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithris (256) den Rialachán sealadach.

5.2.4.2. Úsáid faoi chuing

(106) Mhaígh Jaer, Trade Corporation agus Hubei Hongyuan gur tharla díobháil freisin mar gheall ar chrapadh mhargadh an Aontais d'aigéad gliocsalach sa mhargadh faoi chuing. Thug Jaer dá aire freisin go mbriseann an crapadh sa mhargadh faoi chuing an nasc cúisíoch toisc nach bhféadfadh allmhairí na Síne a bheith ina gcúis leis an laghdú sa mhargadh faoi chuing.

(107) In aithris (258) den Rialachán sealadach, leag an Coimisiún amach nach raibh tionchar an chraptha ar an margadh faoi chuing - gan beann ar an gcúis a bhí leis - chomh dian céanna, i méideanna agus i laghdú praghsanna araon, leis an gcaillteanas díolachán sa saormhargadh de bharr allmhairí dumpáilte na Síne. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh an crapadh in úsáid faoi chuing an nasc ócáideach.

(108) In éagmais barúlacha eile, deimhnítear aithrisí (257) go (259) den Rialachán sealadach.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(109) Diúltaíodh do mhaímh uile na bpáirtithe tar éis an Rialacháin shealadaigh. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn na dtorthaí a nochtar sa Rialachán sealadach, go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín, agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nach ndearnadh maolú ar an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha mar gheall orthu, ná nár briseadh é. Deimhníodh na conclúidí ar thángthas orthu in aithrisí (260) go (263) den Rialachán sealadach.

([11]) Eurostat: Praghas_leictreachais_staidreamh#Praghsanna_leictreachais_do_thomhaltóirí_neamhtheaghlaigh.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

6.1. Corrlach gearrdhíola praghais

(110) Chuir Xinjiang Guolin in aghaidh an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as meánbhrabús 2021 agus 2022, an dá bhliain bhrabúis dheireanacha don ghearánach, chun an spriocphraghas le haghaidh aigéad gliocsalach a ríomh. D'iarr Xinjiang Guolin an bhliain 2021 a eisiamh, ag maíomh go raibh an bhliain sin brabúsach go heisceachtúil mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Thug an Coimisiún dá aire go bhféadfaí 2022 a mheas mar bhliain eisceachtúil freisin mar gheall ar thionchar na bpraghsanna fuinnimh ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Tríd an 2 bhliain a chur san áireamh, d'áirithigh an Coimisiún measúnú níos cothroime. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

(111) Ba é éifeacht charnach athchatagóiriú na n-idirbheart agus athríomh na gcostas iar-allmhairiúcháin a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (73) go (76) gur laghdaíodh an corrlach gearrdhíola praghais le haghaidh Xinjiang Guolin go 57,3 %. Dá bhrí sin, coigeartaíodh an corrlach gearrdhíola praghais go 93,6 % le haghaidh na n-onnmhaireoirí comhoibríocha eile, arb é meán ualaithe na n-onnmhaireoirí sampláilte é.

(112) I bhfianaise leibhéal íseal an chomhair (féach aithrisí (179) go (181) den Rialachán sealadach) agus i gcomhréir leis an gcur chuige a dtugtar tuairisc air ann chun an corrlach dumpála a shuí le haghaidh na gcuideachta eile uile, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach gearrdhíola praghais le haghaidh na gcuideachta eile uile a bhunú ar mhéid ionadaíoch díolachán ag Hubei Hongyuan leis an Aontas. Measadh go raibh na díolacháin sin ina n-ionadach iomchuí chun léiriú a thabhairt ar iompraíocht praghsála díobhálaí cuideachtaí a roghnaigh gan comhoibriú. Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach gearrdhíola praghais iarmharach ag 124,9 %.

(113) Mar a shonraítear faoi Roinn 3.5 thuas, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála tar éis bearta sealadacha a fhorchur.

(114) I bhfianaise na n-athruithe sin ar na corrlaigh dhumpála agus ghearrdhíola praghais, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an tábla faoi aithris (272) den Rialachán sealadach mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola praghais (%)
Hubei Hongyuan	29,2	112,9
Xinjiang Guolin	130,0	57,3
Cuideachtaí comhoibríocha eile	64,0	93,6
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	210,5	124,9

(115) Seachas na hathruithe thuas, agus in éagmais barúlacha eile, deimhníodh na torthaí in aithrisí (267) go (272) den Rialachán sealadach.

6.2. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

(116) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (273) go (281) den Rialachán sealadach.

7. LEAS AN AONTAIS

7.1. Leas an Aontais faoi Airteagal 7 (2b) den bhun-Rialachán

(117) Tar éis dó teacht ar an gconclúid gur ann do shaobhadh amhábhar sa tSín mar a shainmhínítear le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid shoiléir go raibh sé chun leasa an Aontais méid na ndleachtanna cinntitheacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán.

(118) Bhí an cinneadh maidir le leas an Aontais bunaithe ar thuiscint ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú sin, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí breise sa tSín, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an tionchar ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán. Le linn don Choimisiún an measúnú sin a dhéanamh, chuir sé san áireamh freisin an fhaisnéis bhreise maidir leis an tionchar ar shlabhraí soláthair a cuireadh isteach tar éis don táirgeoir onnmhairiúcháin Hubei, na húsáideoirí Nurion, Jaer, Trade Corporation, Brüggemann agus Deretil bearta sealadacha a fhorchur, chomh maith le freagairt thionscal an Aontais ina leith.

7.1.1. *Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir*

(119) Níor aontaigh Deretil le conclúidí an Choimisiúin go raibh acmhainneacht bhreise ag Hubei Hongyuan, an táirgeoir comhoibríoch a bhfuil an dleacht frithdhumpála is ísle aige, agus aighneacht na cuideachta á lua aige. Níor chuir an t-úsáideoir aon fhianaise bhreise ar fáil chun tacú lena mhaíomh. Sholáthair an Coimisiún faisnéis ábhartha maidir leis na hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir in aithris (284) den Rialachán sealadach.

(120) In éagmais barúlacha eile, deimhnítear na breithnithe faoi aithrisí (284) go (286) den Rialachán sealadach.

7.1.2. *Iomaíocht le haghaidh amhábhar*

(121) In éagmais barúlacha, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (287) go (290) den Rialachán sealadach.

7.1.3. *Éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais*

(122) Mhaígh Trade Corporation, Jaer agus Hubei Hongyouan go dtabharfaí seasamh monaplach do Thionscal an Aontais dá bhforchuirfí na bearta. Bréagnaíodh an maíomh in aithris (308) den Rialachán sealadach. Ós rud é nár soláthraíodh aon fhaisnéis bhreise, diúltaíodh don mhaíomh.

(123) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, rinne Deretil, Jaer agus Trade Corporation trácht ar chumas thionscal an Aontais dóthain cainníochtaí aigéid ghliocsalaigh a sholáthar do na húsáideoirí, ós rud é nach bhfuil na foinsí soláthair atá ann lonnaithe ach san Aontas agus sa tSín amháin. Thairis sin, mhínigh Jaer gur allmhairigh sé ó onnmhaireoirí de chuid na Síne mar gheall ar shaintréithe cáilíochta agus próifílí eisíontais a dtáirgí atá deacair a fháil sna táirgí a thairgeann tionscal an Aontais. D'athdhearbhaigh Brüggemann freisin na barúlacha a thug sé ag an gcéim shealadach nach féidir le tionscal an Aontais grád sonrach a theastaíonn uaidh dá phróiseas táirgthe a sholáthar dóibh.

(124) Ina n-aighneachtaí, chuir Jaer agus Deretil fianaise ar fáil go dtiocfaidh méadú ar thomhaltas a margaí iartheachtacha agus, dá bhrí sin, go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar aigéad gliocsalach sna blianta ina dhiaidh sin. Luaigh Jaer faisnéis mhargaidh a léiríonn méadú ar an margadh crágaigh, agus chuir Deretil faisnéis ar fáil maidir le héileamh méadaitheach ina margaí iartheachtacha. Thug siad araon dá n-aire go bhféadfadh sé nach mbeadh tionscal an Aontais in ann soláthar a dhéanamh do na húsáideoirí uile i gcás den sórt sin.

(125) Rinne Trade Corporation, Jaer agus Deretil trácht freisin ar an tábhacht a bhaineann le hiontaofacht agus athléimneacht na slabhraí soláthair agus thug siad dá n-aire gur gá cur isteach ar sceidil táirgthe i dtionscal na gceimiceán a sheachaint. Thairis sin, thug Deretil, Jaer agus Brüggemann dá n-aire go bhfuil sé deacair soláthraí a athrú i gcás thionscal na gceimiceán, toisc go n-éilítear leis sin tástáil agus creidiúnú nósanna imeachta. I ndáil leis sin, thug Deretil dá aire gur chun leasa na n-úsáideoirí é a bhfoinsí soláthair a dhífheistiú chun a ráthú go leanfar dá bpróisis mhonaraíochta. Chuir Deretil ábhair imní in iúl freisin maidir le hinfhaighteacht aigéid ghliocsalaigh chun amocsaicillin a tháirgeadh, ar antaibheathach é a áirítear ar an liosta de chógais táirgí íocshláinte criticiúla ([12]) a ndúirt an Coimisiún ina leith sa togra le haghaidh Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla 'nach mór slándáil an tsoláthair san Aontas a áirithiú i gcónaí ([13])'.

(126) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, thug Weylchem Lamotte freagra ar bharúlacha na n-úsáideoirí maidir le hacmhainneacht. Sholáthair an gearánach faisnéis bhreise a léiríonn go bhfuil acmhainneacht neamhúsáidte leordhóthanach ann faoi láthair agus gur dócha go dtiocfaidh méadú air mar gheall ar laghdú breise ar úsáid le haghaidh úsáid faoi chuing.

(127) In aithris (293) den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún anailís ar an staid maidir le hacmhainneacht agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh tionscal an Aontais teacht in ionad na mórchoda (90 %-95 %) d'allmhairí na Síne. Rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar an bhfaisnéis uile a fuarthas tar éis bearta sealadacha a fhorchur, maidir le hacmhainneacht agus éifeachtaí ar shlabhraí soláthair. Léirigh an fhaisnéis a chuir na húsáideoirí agus an gearánach ar fáil go bhfuil acmhainneacht bhreise leordhóthanach ag tionscal an Aontais in éineacht le Hubei Hongyouan, an t-onnmhaireoir ag a bhfuil an corrlach dumpála is ísle, chun an t-éileamh a shásamh. Tá an chonclúid sin níos bailí fós i gcás ina gcuirfí acmhainneachtaí breise na gcuideachtaí atá faoi réir an chorrlaigh dumpála is infheidhme maidir le 'cuideachtaí comhoibríocha eile' san áireamh. Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na maímh.

([12]) Cógais táirgí íocshláinte criticiúla ar liosta an Aontais.

([13]) Togra le haghaidh Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla - an Coimisiún Eorpach.

(128) Maidir le maímh Jaer agus Brüggemann maidir le gráid shonracha dá bpróisis táirgthe faoi seach, níor nocht Jaer ná Brüggemann faisnéis maidir leis na gráid shonracha sin a bhí ag teastáil, agus dá bhrí sin ní raibh tionscal an Aontais in ann freagra a thabhairt ar cé acu a d'fhéadfaidís nó nach bhféadfaidís gráid den sórt sin a sholáthar. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, go deimhin, go bhfoinsíonn Jaer agus Brüggemann gráid shonracha d'aigéad gliocsalach ón tSín, ach níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a fhíorú cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh tionscal an Aontais na gráid chéanna a sholáthar toisc nár nochtadh faisnéis maidir leis na gráid shonracha. Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na maímh. Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, nocht Brűggemann faisnéis bhreise. Tugtar aghaidh ar an maíomh in aithrisí (158) go (163).

7.1.4. *Staid airgeadais na n-úsáideoirí*

(129) Mar a mhínítear in aithris (18) den Rialachán sealadach, is táirge idirmheánach é aigéad gliocsalach chun antaibheathaigh, fanailin, leasacháin chrágtha agus allantoin a tháirgeadh. Rinne trí tháirgeoir leasacháin, Trade Corporation, Nouryon, agus Jaer, táirgeoir antaibheathach amháin, Deretil, agus táirgeoir ceimiceán speisialtachta amháin, Brüggemann, a raibh 75 % d'allmhairí agus 72 % de thomhaltas aigéid ghliocsalaigh san Aontas acu, aighneachtaí tar éis bearta sealadacha a fhorchur.

(130) Mhaígh na húsáideoirí go dtiocfadh méadú mór ar a gcostais dá bhforchuirfí bearta, go laghdófaí a mbrabúis agus Deretil agus Brüggemann ag maíomh go dtabhóidís caillteanais agus go mbeadh tionchar acu ar a n-iomaíochas tráth a bhfuil brú méadaitheach orthu ina margaí faoi seach ó onnmhaireoirí de chuid na Síne agus na hIndia nach mbeadh tionchar ag na bearta orthu. Mhaígh na húsáideoirí freisin, mar gheall ar an iomaíocht ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ina margaí faoi seach, nach mbeidís in ann na costais mhéadaithe a chur ar aghaidh. Ar an bhforas sin, d'iarr Jaer agus Nouryon ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar leibhéal na mbeart. Go háirithe, d'iarr Jaer go gcuirfí bearta i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(131) Shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán (aithris (281) den Rialachán sealadach). Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 7(2) nó 7(2a) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún ionsamhlúchán ar dtús ar bhrabúsacht na n-úsáideoirí ar bhonn na gcorrlach cinntitheach dumpála agus díobhála, ag glacadh leis go raibh méideanna aigéid ghliocsalaigh, chomh maith le láimhdeachas a baineadh amach ar tháirgí iartheachtacha, fós cothrom leo siúd a bhí ann sa tréimhse imscrúdúcháin.

(132) Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar na ndleachtanna ar bhrabúsacht tríd an mbrabús a laghdú i gcomhréir le rannchuidiú aigéid ghliocsalaigh le láimhdeachas, arna iolrú faoin méadú éifeachtach ar phraghsanna a eascraíonn as forchur na ndleachtanna. Cuireadh san áireamh sa mhéadú éifeachtach ar phraghsanna foinse na n-allmhairí, na dleachtanna a forchuireadh ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin, chomh maith leis na méaduithe ar phraghsanna a tuairiscíodh do thionscal an Aontais.

(133) Bhí tionchar éagsúil ag na bearta i gcomhréir le difríochtaí maidir le brabúsacht tosaigh na n-úsáideoirí, rannchuidiú aigéid ghliocsalaigh le láimhdeachas na dtáirgí iartheachtacha agus foinse soláthair an aigéid ghliocsalaigh. Go sonrach, tá an méid a chuireann aigéad gliocsalach le láimhdeachas na dtáirgí iartheachtacha idir 5 % agus 18 %. Bhí corrlaigh bhrabúis le haghaidh táirgeoirí crágaigh agus ceimiceán tiomnaithe i bhfad os cionn 10 %, ach thuairiscigh an táirgeoir antaibheathach brabúis idir 5 % agus 7 %. Ar deireadh, bhí méaduithe éifeachtacha níos airde ar phraghsanna nuair a bhí cuideachtaí ag foinsiú ó tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha.

(134) Léirigh torthaí na n-ionsamhlúchán, dá bhforchuirfí dleachtanna ar onnmhairí ón tSín de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, seachas i gcás Deretil, go leanfadh úsáideoirí de bheith brabúsach, fiú mura méadóidís praghsanna, mar gheall ar a gcorrlaigh bhrabúis arda. Léirigh na hionsamhlúcháin an toradh céanna d'úsáideoirí a bhí ag foinsiú ó tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha. Is cinnte go mbeadh tionchar ag na dleachtanna ar bhrabúsacht úsáideoirí, ach dá ndéanfaí ceannacháin a atreorú chun sciar thionscal an Aontais nó onnmhaireoirí a bhfuil dleachtanna níos ísle acu amhail Hubei a mhéadú, mhaolófaí an tionchar tuilleadh.

(135) I gcás Deretil, mar gheall ar a corrlach brabúis measartha, dá bhforchuirfí dleachtanna i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, dhéanfadh na bearta difear tromchúiseach dá brabúsacht, agus bheadh an chuideachta neamhbhrabúsach. D'admhaigh an Coimisiún, mar a chuir Deretil in iúl, go n-áirítear amocsaicillin ar liosta na dtáirgí íocshláinte criticiúil a bhfuil leanúnachas an tsoláthair ina thosaíocht ina leith ([14]). Dá bhrí sin, ós rud é gurb é Deretil an t-aon táirgeoir amháin a tháirgeann an réamhtheachtaí amocsaicilline agus go bhfuil sé ar cheann den dá tháirgeoir amocsaicilline san Aontas, tá sé tábhachtach nach gcuirfí a bhrabúsacht shláintiúil ná a shlándáil soláthair i mbaol.

(136) Rinne an Coimisiún ionsamhlúchán ansin ar bhrabúsacht Deretil dá bhforchuirfí dleachtanna ar onnmhairí ón tSín i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Bheadh tionchar ag bearta Airteagal 7(2) ar bhrabúsacht Deretil freisin, ach sa chás sin, bheadh Deretil fós brabúsach fiú i gcás ina mbeadh air foinsiú ó onnmhaireoirí neamh-chomhoibríocha. Thairis sin, rinne an Coimisiún anailís ar fhoinse an tsoláthair agus ar ghráid cháilíochta an aigéid ghliocsalaigh a úsáideann Deretil agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh an chuideachta sciar níos mó den aigéad gliocsalach a fháil ó thionscal an Aontais agus ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, rud a mhaolódh dá réir sin tionchar na mbeart ar a mbrabúsacht go mór.

7.1.5. Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

(137) In aithrisí (296) agus (297) den Rialachán sealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sé chun leas an Aontais méid na ndleachtanna a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, agus leibhéal na ndleachtanna sealadacha a shocrú ar bhonn leibhéal na dumpála.

(138) Léiríodh san anailís ar aighneachtaí na n-úsáideoirí tar éis bearta sealadacha a fhorchur, cé nach dócha go n-eascródh iarmhairtí diúltacha móra as bearta a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i gcás na n-úsáideoirí eile uile, go mbeadh tionchar tromchúiseach ag leibhéal dleachtanna den sórt sin go sonrach ar bhrabúsacht Deretil, a bheadh neamhbhrabúsach. Léiríodh san anailís freisin go mbeadh Deretil fós brabúsach le linn dó na dleachtanna a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(139) Ar an mbonn sin, bhreithnigh an Coimisiún na gnéithe uile go cúramach agus ní raibh sé in ann teacht ar an gconclúid go bhfuil sé chun leasa an Aontais an méid dleachtanna a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a), is é sin nach raibh sé chun leas an Aontais leibhéal na mbeart a shocrú ar leibhéal na dumpála i bhfianaise na héifeachta is dócha a bheadh aige sin ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais, éifeacht a bheadh diúltach go díréireach.

(140) Dheimhnigh an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart na bearta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

7.2. **Leas an Aontais faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán**

(141) Tar éis dó leas an Aontais a mheas de bhun Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ansin an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.2.1. *Leas thionscal an Aontais*

(142) Mar a mhínítear in aithris (299) den Rialachán sealadach, rinne an t-aon táirgeoir aigéid ghliocsalaigh san Aontas an gearán a thaisceadh, chuaigh sé i gcomhar go hiomlán san imscrúdú agus léirigh sé spéis i mbearta a fhorchur.

(143) In éagmais barúlacha, deimhnítear aithrisí (299) go (302) den Rialachán sealadach.

([14]) EMA/438798/2023w.

7.2.2. *Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe*

(144) In éagmais barúlacha ó allmhaireoirí agus trádálaithe an Aontais, deimhnítear aithrisí (303) agus (304) den Rialachán sealadach.

7.2.3. *Leas na n-úsáideoirí*

(145) Mar a leagtar amach i roinn 7.1.3 den Rialachán seo, d'athdhearbhaigh úsáideoirí Trade Corporation, Deretil agus Jaer ábhair imní maidir le hacmhainneacht táirgeachta theoranta an ghearánaigh agus maidir le cainníochtaí leordhóthanacha aigéid ghliocsalaigh a bheith ar fáil san Aontas.

(146) Chuir Trade Corporation agus Deretil in aghaidh ghlacadh na mbeart. Thairis sin, thug Nouryon, Trade Corporation, Deretil, Jaer agus Brüggemann barúlacha freisin maidir leis an éifeacht ar a mbrabúsacht agus ar a n-iomaíochas (féach freisin roinn 7.1.4).

(147) Maidir le maímh maidir le hacmhainneacht agus brabúsacht, thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh sin in aithris (80) den Rialachán seo. Thairis sin, mar a leagtar amach i roinn 7.1.4 den Rialachán seo, agus dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha á gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán, bheadh na húsáideoirí uile fós brabúsach, fiú dá mba ghá dóibh foinsiú ó tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha. Dá bhrí sin, i gcásanna ina gcuirtear isteach ar tháirgeadh i dtionscal an Aontais nó in Hubei —an táirgeoir onnmhairiúcháin ag a bhfuil dleachtanna níos ísle— bheadh rochtain fós ag úsáideoirí ar fhoinsí eile soláthair, rud lena n-áiritheofaí go mbeadh roghanna malartacha ar thionscal an Aontais ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaítear do mhaímh maidir le brabúsacht, iomaíochas, acmhainneacht agus infhaighteacht.

(148) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, d'iarr Jaer go n-eisiafaí an raon táirgí maidir leis an gcineál gráid d'aigéad gliocsalach a úsáideann sé chun leasacháin a tháirgeadh. Mhaígh sé nach raibh siad in ann dóthain cainníochtaí den ghrád sin a fháil ó thionscal an Aontais.

(149) Chun measúnú a dhéanamh ar aon iarraidh ar eisiamh táirgí, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar (i) saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla na gcineálacha táirgí sin, (ii) a n-úsáid deiridh agus a n-idirmhalartacht, (iii) braistint an chustaiméara deiridh, (iv) tionchar na ndleachtanna ar an úsáideoir, (v) foinsí malartacha soláthair, agus (vi) tionchar na díolúine ar dhleachtanna. Ós rud é go ndearna Jaer a iarraidh tar éis an sprioc-ama chun maímh maidir le raon táirgí a chur isteach, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an iarraidh a mheas toisc nárbh fhéidir leis an anailís a dhéanamh chun an t-eisiamh raoin táirgí a dheonú nó a dhiúltú.

(150) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, d'iarr Deretil díolúine úsáide deiridh faoi Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais ([15]) maidir le haigéad gliocsalach a úsáid chun réamhtheachtaí antaibheathaigh D(-)Alfa Parahiodrocsa FeinilGlicín Eistear Meitile 'Eistear Meitile' agus antaibheathaigh amocsaicilline a tháirgeadh.

(151) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar na barúlacha a chuir Deretil i láthair, chinn an Coimisiún nach ann d'aon fhoras chun an díolúine úsáide deiridh a dheonú, ós rud é nach dteastaíonn grád speisialta d'aigéad gliocsalach ó Deretil agus go bhféadfadh sé foinsiú ó thionscal an Aontais agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa tSín. Thairis sin, mar a mhínítear in aithrisí (136) agus (147), tá forchur na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 7(2), dá bhrí sin, bheadh Deretil fós brabúsach fiú dá bhfoinseodh sé ó tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha sa tSín.

(152) D'athdhearbhaigh Brüggemann a iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh faoi Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais, a rinneadh cheana ag an gcéim shealadach mar a luaitear in aithris (24) den Rialachán sealadach. Chuir Brüggemann tuilleadh faisnéise ar fáil maidir leis an gcineál aigéid ghliocsalaigh a fhoinsíonn sé ón tSín agus mhaígh sé, murab ionann agus torthaí an Choimisiúin sa Rialachán sealadach, nach raibh an t-aigéad gliocsalach a foinsíodh ón tSín agus an t-aigéad gliocsalach a foinsíodh ón Aontas inmhalartaithe.

(153) In aithrisí (25) go (28) den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún na cúiseanna nach bhféadfadh sé díolúine úsáide deiridh a dheonú do Brüggemann. Rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis nua a chuir an chuideachta ar fáil tar éis bearta sealadacha a fhorchur. Mar a mhínítear in aithris (128), níor nocht Brüggemann faisnéis shonrach maidir leis an gcineál gráid d'aigéad gliocsalach a fhoinsíonn sé ón tSín agus dá bhrí sin ní raibh tionscal an Aontais in ann barúil a thabhairt ar dtús maidir le cé acu a d'fhéadfaidís nó nach bhféadfaidís an grád sin a fhoinsiú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh.

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

(154) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh méid mór de thomhaltas iomlán aigéid ghliocsalaigh an Aontais i gceist leis na hiarrataí a rinne Deretil agus Brüggemann (13 % go 18 %) i gcás Deretil agus 3 % go 5 % i gcás Brüggemann dá ndeonófaí na hiarrataí sin. Dá bhrí sin, dá ndeonófaí iad, chaithfí amhras ar éifeachtacht na mbeart maidir le tionscal an Aontais a chosaint.

(155) Mar sin féin, mar a mhínítear in aithrisí (158) go (163), d'fhéadfaí glacadh le hiarraidh Brüggeman anois.

7.2.4. *Leas tomhaltóirí*

(156) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, líomhain Trade Corporation go mbeadh tionchar ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar aigéad gliocsalach ar phraghas leasachán agus go bhféadfadh costais mhéadaithe i dtáirgeadh talmhaíochta a bheith mar thoradh air, agus dá bhrí sin go mbeadh praghsanna bia níos airde ann do thomhaltóirí. D'áitigh Deretil ar an gcaoi chéanna go méadódh an méadú ar phraghas aigéid ghliocsalaigh go mór praghas réamhtheachtaithe antaibheathach a tháirgtear san Aontas agus, dá bhrí sin, go méadódh sé an praghas ar antaibheathaigh agus go mbeadh tionchar aige ar thomhaltóirí an Aontais, go háirithe iad siúd a bhfuil ioncam níos ísle acu. In éagmais fianaise chomhthacaíoch, diúltaítear do na maímh.

7.2.5. *Leas straitéiseach thionscal an Aontais*

(157) Mar a léirítear le haighneachtaí na n-úsáideoirí, is táirge idirmheánach ríthábhachtach é aigéad gliocsalach do thionscail an Aontais go ginearálta agus do tháirgeadh antaibheathach go háirithe. I dtograí reachtacha le déanaí ([16]), ([17]) thug an Coimisiún dá aire gur féidir ganntanais táirgí íocshláinte a bheith mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair agus leochaileachtaí a dhéanann difear do sholáthar príomh-chomhábhar agus príomh-chomhpháirteanna agus d'fhéach sé le haghaidh a thabhairt orthu agus athléimneacht na hearnála cógaisíochta a mhéadú. Dá gcaillfí an t-aon táirgeoir aigéid ghliocsalaigh san Aontas mar thoradh ar na hallmhairí dumpáilte, mhéadófaí leochaileacht na hearnála cógaisíochta ós rud é nach mbeidh siad ag brath ach ar shlabhraí soláthair fada ar cuireadh isteach orthu roinnt uaireanta le blianta beaga anuas, e.g. mar gheall ar thionóiscí i gCanáil Shuais nó mar gheall ar choinbhleacht sa Mhuir Rua. Ina theannta sin, dá rachadh táirgeadh gliocsalach in éag san Aontas, bheadh spleáchas an Aontais ar allmhairí na Síne, ós rud é nach bhfuil aon fhoinse mhalartach ann, agus chuirfeadh sé uathriail straitéiseach an Aontais in earnáil ríthábhachtach i mbaol ([18]). Os a choinne sin, trí bhearta a fhorchur ar na leibhéil atá beartaithe, cosnófar táirgeadh aigéid ghliocsalaigh agus seachnófar díobháil fhorleathan don tionscal iartheachtach agus, ar an gcaoi sin, maolófar an spleáchas ar shlabhraí soláthair eachtracha.

(158) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Brüggemann nach raibh údar maith leis an diúltú dá iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh ón gCoimisiún. Mhaígh sé go raibh údar le díolúine den sórt sin sa chás seo ós rud é nach laghdódh an díolúine úsáide deiridh chun FFSRAnna a tháirgeadh éifeachtacht na ndleachtanna. Mhaígh Brüggeman gur céatadán diomaibhseach de thomhaltas an Aontais iad a allmhairí ón tSín agus a éileamh iomlán ar aigéad gliocsalach. Ina theannta sin, léirigh Brüggeman go bhfuil sciar mór de chostas táirgthe FFSRAnna i gceist le haigéad gliocsalach agus nach féidir leis soláthróirí a athrú.

(159) Ag an gcéim shealadach, níor nocht Brüggemann faisnéis shonrach maidir leis an gcineál gráid d'aigéad gliocsalach a fhoinsíonn sé ón tSín agus dá bhrí sin ní raibh tionscal an Aontais in ann barúil a thabhairt maidir le cé acu a d'fhéadfaidís nó nach bhféadfaidís an grád sin a sholáthar. Tar éis an nochta deiridh, áfach, chuir Brüggemann ar fáil go poiblí an raon (cion iarainn (Fe) ≥ 10 agus ≤ 20 i gcodanna sa mhilliún) faoina dtagann cion iarainn sonrach an chineáil aigéid ghliocsalaigh a fhoinsíonn sé ón tSín agus d'athdhearbhaigh sé an maíomh, murab ionann agus torthaí an Choimisiúin sa Rialachán sealadach, ar an gcéad dul síos, nach raibh an t-aigéad gliocsalach a foinsíodh ón tSín agus an t-aigéad gliocsalach a foinsíodh ón Aontas inmhalartaithe agus, ar an dara dul síos, nach bhféadfadh sé an táirge sin a fháil ach ó sholáthróir sonrach de chuid na Síne.

(160) Tar éis na haighneachta sin ó Brüggemann, mhaígh Weylchem go bhféadfadh sé an cineál aigéid ghliocsalaigh a tháirgeadh ar iarradh an díolúine úsáide deiridh ina leith. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, nár deimhníodh leis an bhfianaise thacaíochta gurbh amhlaidh an cás go deimhin. In aon chás, mheabhraigh sé, fiú dá bhféadfadh soláthróirí eile an cineál aigéid ghliocsalaigh an-sonrach sin a tháirgeadh, go mbeadh discréid ag an gCoimisiún fós teacht ar an gconclúid go raibh díolúine úsáide deiridh fós iomchuí dá dtacódh imthosca an cháis le díolúine úsáide deiridh a dheonú.

([16]) EUR-Lex - 52023PC0192 - GA - EUR-Lex.
([17]) EUR-Lex - 52023PC0193 - EN - EUR-Lex.
([18]) Monatóir Uathrialach Straitéiseach an Aontais.

(161) Mhaígh WeylChem freisin gur cheart diúltú d'iarraidh Brüggemann toisc go ndearnadh é lasmuigh den sprioc-am a leagadh síos san fhógra tionscnaimh chun barúlacha a chur isteach maidir leis an raon táirgí. Shoiléirigh an Coimisiún go bhfuil feidhm ag an sprioc-am sin maidir le barúlacha ar an raon táirgí iarbhír (lena n-áirítear an táirge lena mbaineann agus an táirge comhchosúil), ar gá aghaidh a thabhairt orthu ag céim luath den nós imeachta mar gheall ar na himpleachtaí féideartha do raon feidhme an imscrúdaithe féin. Ar an taobh eile, bhain an iarraidh ó Brüggemann le díolúine úsáide deiridh a rinneadh i bhfianaise chur i bhfeidhm féideartha na mbeart. Rinneadh an iarraidh sin in am trátha le linn an imeachta roimh an gcéim shealadach. Maidir le diúltú sealadach dá iarraidh, chuir Brüggemann barúlacha agus fianaise bhreise isteach ag an gcéim níos déanaí den nós imeachta chun tacú lena iarraidh bhunaidh a rinneadh in am trátha. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(162) Ar deireadh, chuir Weylchem in iúl go raibh eagla air go bhfiosródh úsáideoirí agus allmhaireoirí eile de chuid an Aontais na rioscaí a bhaineann le hallmhairiú faoin gcóras céanna, agus ar an gcaoi sin teacht timpeall ar na bearta trí dhearbhú míchruinn. Tugann an Coimisiún dá aire nach mbaineann díolúine úsáide deiridh le cuideachta go sonrach ach go ndéantar foráil maidir le húsáid deiridh shonrach. Dá bhrí sin, is féidir le haon chuideachta an díolúine a úsáid fad a úsáidtear an táirge allmhairithe chun FFSRAnna a tháirgeadh agus go bhfuil cion iarainn (Fe) ≥ 10 agus ≤ 20 i gcodanna sa mhilliún ann. Tá an díolúine úsáide deiridh á cur chun feidhme agus á maoirsiú ag údaráis chustaim na mBallstát, rud a áirithíonn go docht nach rachadh an díolúine chun tairbhe d'allmhairí le haghaidh úsáidí eile agus go n-íocfaidh siad dleachtanna frithdhumpála dá réir. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(163) Ar an mbonn sin, agus i bhfianaise na mbarúlacha a thug Brüggemann tar éis an nochta mar a mhínítear in aithris (159), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart glacadh le hiarraidh Brüggemann ar dhíolúine úsáide deiridh d'aigéad gliocsalach a úsáidtear i dtáirgeadh FFSRAnna agus ina bhfuil cion iarainn (Fe) ≥ 10 agus ≤ 20 i gcodanna sa mhilliún. Ós rud é go raibh na himthosca lena dtugtar údar le deonú na díolúine úsáide deiridh forleathan cheana féin i bhfad sular forchuireadh na bearta frithdhumpála sealadacha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin gur cheart é a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach suas go dtí forchur na mbeart frithdhumpála sealadach.

(164) Níor aontaigh Deretil le toradh an Choimisiúin go mbeadh Deretil brabúsach fós tar éis fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála. Níor aontaigh Deretil le toradh an Choimisiúin ach an oiread 'nach bhfuil aon fhoras ann chun an díolúine úsáide deiridh a dheonú'. Mhaígh sé go raibh na cúiseanna leis an diúltú sin, (i) nach dteastaíonn grád speisialta aigéid ghliocsalaigh ó Deretil , (ii) go bhféadfadh sé foinsiú ó thionscal an Aontais agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa tSín agus (iii) toisc go mbeadh Deretil fós brabúsach 'fiú má fhoinsíonn sé ó tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha sa tSín' gan bhunús agus neamhleor. Maidir leis an gcéad chúis, mhaígh Deretil gur bhunaigh sé a mhaíomh ar argóintí réasúnaithe eacnamaíocha agus úsáide deiridh agus, dá bhrí sin, nach raibh aon mhaitheas le tagairt an Choimisiúin do 'grád speisialta'. Maidir leis an dara agus an tríú cúis, luaigh sé go bhfágfaí Deretil i staid an-leochaileach mura ndeonófaí aon díolúine úsáide deiridh chun eistear meitile a tháirgeadh.

(165) Mar sin féin, ní rabhthas in ann torthaí an Choimisiúin a athrú leis na na hargóintí sin ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, tagraíonn iarraidh Deretil don díolúine úsáide deiridh le haghaidh grád caighdeánach aigéid ghliocsalaigh a tháirgeann tionscal an Aontais i gcainníochtaí leordhóthanacha. Ar an dara dul síos, d'ionsamhlaigh an Coimisiún tionchar na mbeart ar Deretil agus bheadh sé brabúsach fós fiú dá bhfoinseodh sé ó tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha sa tSín. Agus tionchar na mbeart á ionsamhlú aige, chuir an Coimisiún san áireamh an méadú ar phraghsanna thionscal an Aontais, murab ionann agus maíomh Deretil nár cuireadh an paraiméadar sin san áireamh. Ar an tríú dul síos, is úsáideoir mór é Deretil agus is é an t-allmhaireoir aigéid ghliocsalaigh is mó san Aontas é, agus tá táirgeadh antaibheathach ar cheann de na príomhúsáidí a bhaintear as aigéad gliocsalach. Dá bhrí sin, dá ndeonófaí an díolúine úsáide deiridh chun antaibheathaigh a tháirgeadh, bheadh tionchar aige sin ar [13 go 18 %] ar a laghad den mhargadh agus bhainfí an bonn go mór d'éifeachtúlacht an bhirt.

(166) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Jaer nach ndearna an Coimisiún measúnú fóinteach ar a iarraidh ar eisiamh raoin táirgí ná ar a iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh.

(167) Chloígh an Coimisiún lena sheasamh gur iarradh an t-eisiamh raoin táirgí tar éis an sprioc-ama. Thairis sin, maidir leis an iarraidh a chuir Jaer isteach chun díolúine úsáide deiridh a dheonú le haghaidh grád ardcháilíochta aigéid ghliocsalaigh a úsáidtear chun leasacháin chrágacha a tháirgeadh, thug an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire. Ar an gcéad dul síos, tá aigéad gliocsalach ardcháilíochta ar fáil ó thionscal an Aontais agus bhí Jaer ag ceannach uathu. Níor thug Jaer freagra ar an gceistneoir úsáideoirí agus níor nocht sé grád beacht an aigéid ghliocsalaigh a theastaíonn uaidh. Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann freagairt, agus ní raibh an Coimisiún in ann comhthacú leis an toradh go mbeadh fadhbanna ag Jaer cainníochtaí leordhóthanacha a fháil ó thionscal an Aontais. Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún scrúdú ar bhrabúsacht na cuideachta tar éis bearta a fhorchur agus tháinig sé ar an gconclúid go mbeadh sí brabúsach fós. Ar an tríú dul síos, thart ar 30 % d'allmhairí agus aon trian de thomhaltas aigéid ghliocsalaigh an Aontais atá i gceist le táirgeadh leasachán crágach, agus is é tomhaltas Jaer an chuid is mó de sin. Dá bhrí sin, fiú mura n-úsáideann Jaer an díolúine ach le haghaidh leasachán, bheadh tionchar aici sin ar [20 go 25 %] den mhargadh agus bhainfeadh sí an bonn go mór d'éifeachtúlacht na mbeart. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'iarraidh Jaer.

(168) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh AEFA go mbeadh méadú mór ar chostas táirgthe crágach iarainn i gceist leis na leibhéil dleachta frithdhumpála atá beartaithe, rud a chaithfí a chur ar aghaidh tríd an slabhra monaróir-tionscal-dáileoir-feirmeoir. Dá bhrí sin, bheadh praghsanna crágaigh ann a shroichfeadh leibhéal ródhaor do na gníomhairí tráchtála éagsúla agus caillteanas iomaíochais, ní hamháin do mhonaróirí crágaigh, ach do go leor úsáideoirí Spáinneacha agus Eorpacha freisin. Dá réir sin, chumasódh agus d'éascódh sé sin iomaíocht neamh-Eorpach teacht isteach i margadh ina n-aithnítear go forleathan an lipéad 'An Spáinn agus an Eoraip' agus ina bhfuil meas air mar gheall ar a theicneolaíocht. Mhaígh AEFA freisin go raibh teorainneacha soláthair ann cheana féin maidir le hamhábhar i dtaca le réamhtheachtaí le haghaidh táirgí éagsúla, amhail amocsaicillin nó fanailin, nach bhfuil ar fáil faoi láthair i méideanna leordhóthanacha i margadh an Aontais. Dá bhrí sin, d'iarr AEFA díolúintí úsáide deiridh le haghaidh úsáid talmhaíochta agus srianta ar chrágaigh iarainn chríochnaithe ón tSín, chun an míbhuntáiste a bheadh roimpi san iomaíocht a mhaolú.

(169) Níor tugadh bunús leis an iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh le haghaidh úsáid talmhaíochta le fíorais infhíoraithe a thacaíonn leis an díolúine sin. Thairis sin, tá forchur srianta ar chrágaigh iarainn chríochnaithe ón tSín lasmuigh de raon feidhme an imeachta seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

(170) Tar éis an nochta deiridh bhreise, sa bhreis ar a bharúlacha maidir le hiarraidh Brüggemann ar dhíolúine úsáide deiridh, mhaígh Weylchem, ó osclaíodh an t-imscrúdú seo, go bhfuil go leor aigéad glicocsalach Síneach ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna lena ndéantar sladghearradh breise ar na leibhéil a suíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin do thionscal an Aontais. Mhaígh sé gur chinn an Coimisiún gan dleachtanna cúlghabhálacha a fhorchur ar allmhairí na Síne ar chúiseanna beartais seachas ar chúiseanna eacnamaíocha, ós rud é nach raibh aon cheist faoi gur tháinig borradh faoi allmhairí na Síne tar éis chlárú na n-allmhairí, go háirithe i gcoibhneas le tomhaltas an Aontais.

(171) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an anailís dá bhforáiltear in aithrisí (191) go (195) thíos, a nochtadh do Weylchem sa nochtadh deiridh, bunaithe ar cheanglais dhlíthiúla Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach dleachtanna, nár comhlíonadh san imeacht áirithe seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(172) Tar éis an nochta deiridh bhreise, mhaígh Jaer nár breithníodh a iarrataí ar eisiamh raoin táirgí agus ar dhíolúine úsáide deiridh i gceart agus d'athdhearbhaigh sé an dá mhaíomh.

(173) Mhínigh an Coimisiún in aithrisí (166) go (167) thuas go ndearnadh an iarraidh ar eisiamh táirgí an-déanach sa nós imeachta agus is é sin an fáth ar diúltaíodh d'iarraidh Jaer ar dhíolúine úsáide deiridh freisin.

(174) D'athdhearbhaigh Trade Corporation a maíomh nár léirigh an Coimisiún nasc cúisíoch idir allmhairí na Síne a líomhnaítear a dumpáladh agus caillteanais tháirgeoir an Aontais, rud a chuir i dtábhacht go bhféadfadh sé nach mbeadh comhchruinniú thionscal an Aontais i dtáirgeoir aonair ionadaíoch ar chomhthéacs tionscail níos leithne agus nár cuireadh tosca seachtracha amhail an ghéarchéim fuinnimh san áireamh go leordhóthanach. D'áitigh Trade Corporation freisin go gcruthófaí monaplacht *de facto* don aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais dá bhforchuirfí dleachtanna cinntitheacha, rud a chuirfeadh slándáil agus athléimneacht an tsoláthair i mbaol.

(175) Níor aontaigh an Coimisiún, mar a mhínítear in aithris (93). In éagmais argóintí nó fianaise bhreise, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(176) Mhaígh Hubei go bhféadfadh sé an cineál aigéid ghliocsalaigh a tháirgeadh ar iarradh díolúine úsáide deiridh ina leith agus mheas sé go bhféadfadh táirgeoirí eile aigéid ghliocsalaigh, lena n-áirítear an gearánach, é a tháirgeadh freisin. Dá bhrí sin, chuir sé in aghaidh dheonú na díolúine úsáide deiridh.

(177) Mar a mhínítear thuas in aithris (162), ní bhaineann díolúine úsáide deiridh le cuideachta go sonrach agus tá feidhm aici nuair a allmhairítear táirgí lena n-úsáid chun táirge iartheachtach ar leith a tháirgeadh. Níl sé ábhartha do chinneadh an Choimisiúin go bhfuil roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in ann cineál táirge áirithe a tháirgeadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

7.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(178) Ar bhonn a bhfuil thuas, deimhníonn an Coimisiún a chonclúid a leagtar amach in aithris (314) den Rialachán sealadach, nach bhfuil aon chúis láidir ann nach bhfuil sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh de thionscnamh na Síne.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(179) Ar bhonn na gconclúidí ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(180) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Hubei Hongyuan Pharmaceutical Technology Co., Lt	29,2	112,9	29,2
Xinjiang Guolin New Materials Co., Ltd	130,0	57,3	57,3
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	64,0	93,6	64,0
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	210,5	124,9	124,9

(181) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Guangdong Joy Chemical, Inner Mongolia Tianyuda Biological Technology, Jinyimeng Group, Deretil agus Jaer go ndeachaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte i gcomhar leis an gCoimisiún go hiomlán le linn an imscrúdaithe sin agus nár cheart go bhforchuirfí dleacht a sháraigh an ráta a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an táirgeoir/onnmhaireoir sampláilte ag a bhfuil an dleacht frithdhumpála is airde i measc na gcuideachtaí comhoibríocha mar thoradh ar neamhroghnú le haghaidh samplála ag an gCoimisiún. Mhaígh na páirtithe leasmhara nár chuir an Coimisiún Airteagal 9(6) den bhun-Rialachán i bhfeidhm go comhsheasmhach.

(182) Shoiléirigh an Coimisiún gur chloígh sé le foráil Airteagal 9(6) den bhun-Rialachán, ina sonraítear nár cheart an dleacht frithdhumpála a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairí ó onnmhaireoirí nach n-áirítear san imscrúdú a bheith níos mó ná an meánchorrlach ualaithe dumpála a ríomhadh le haghaidh na bpáirtithe sa sampla. Níor ríomhadh an dleacht frithdhumpála chinntitheach mar mheán ualaithe rátaí aonair na dleachta frithdhumpála, ach ríomhadh na meánchorrlaigh dumpála agus díobhála, agus cuireadh riail na dleachta is lú i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Sa chás seo, bhí an dleacht frithdhumpála a cuireadh i bhfeidhm maidir le hallmhairí ó onnmhaireoirí comhoibríocha neamhshampláilte bunaithe ar mheánchorrlach dumpála ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus bhí sí i gcomhréir go hiomlán le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Diúltaíodh don mhaíomh.

(183) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Dá bhrí sin, tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis ‘na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne’.

(184) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur chuig an gCoimisiún ([19]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(185) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(186) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má chuirtear sonrasc faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá sna cásanna eile uile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(187) Má thagann méadú mór ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(188) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh na n-allmhairí uile eile de thionscnamh na Síne, ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(189) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) níl gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(190) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

8.3. **Bailiú cúlghabhálach**

(191) Mar a luaitear i roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

([19]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.euTRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

(192) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(193) Léiríodh in anailís an Choimisiúin ná tháinig aon mhéadú mór ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a leagtar síos in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán. I gcás na hanailíse sin, rinne an Coimisiún comparáid idir meánmhéideanna allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a raibh 1 309 dtona i gceist leo, agus na meánmhéideanna allmhairí míosúla le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo go dtí an mhí iomlán dheireanach roimh fhorchur na mbeart sealadach (mí Lúnasa 2024 – mí Feabhra 2025) a raibh 1 306 dtona i gceist leo.

(194) Chomh maith leis sin, nuair a bhí meánmhéid allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin á gcur i gcomparáid leis na meánmhéideanna allmhairí míosúla le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo suas go dtí an mhí inar forchuireadh bearta sealadacha agus an mhí sin san áireamh (mí Lúnasa 2024 – mí an Mhárta 2025), níorbh fhéidir aon mhéadú mór eile a thabhairt faoi deara.

(195) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach na dleachta frithdhumpála cinntithí.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(196) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(197) Na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh [a thagann de ghnáth faoi Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS) 298-12-4 nó 6000-59-5], ag a bhfuil íonacht 95 % ar a laghad de réir meáchan tirim, bíodh sé i bhfoirm sholadach nó mar thuaslagán uiscí ina bhfuil tiúchan is mó ná 40 % de réir meáchain, atá faoi láthair faoi chód AC ex 2918 30 00 (cód TARIC 2918 30 00 13) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a dtugtar tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Hubei Hongyuan Pharmaceutical Technology Co., Ltd	29,2	89M2
Xinjiang Guolin New Materials Co., Ltd	57,3	89M3
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	64,0	Féach an Iarscríbhinn
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	124,9	8 999

([20]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) aigéad gliocsalach a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Díolmhófar an táirge ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 1(1) ó dhleacht frithdhumpála chinntitheach má allmhairítear é lena úsáid i dtáirgeadh oibreán dí-ocsaídithe sulfarbhunaithe atá saor ó fhormaildéad ('FFSRAnna') agus ina bhfuil cion iarainn (Fe) ≥ 10 agus ≤ 20 i gcodanna sa mhilliún.

Beidh an díolúine sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha custaim an Aontais maidir leis an nós imeachta úsáide deiridh, go háirithe Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 3

1. Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/591 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aigéid ghliocsalaigh, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha, déanfar iad a scaoileadh.

2. Beidh feidhm ag an díolúine faoi Airteagal 2 freisin maidir leis an dleacht frithdhumpála shealadach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/591.

Airteagal 4

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua de chuid na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir na meándleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (01/07/2023 go 30/06/2024);

(b) nach bhfuil gaol aige le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i nDaon-Phoblacht na Síne nach ndearnadh sampláil orthu

Ainm	Cód breise TARIC
Cangzhou Goldlion Chemicals Co., Ltd	89M4
Guangdong Joy Chemical Co., Ltd	89M5
Inner Mongolia Tianyuda Biological Technology Co., Ltd.	89M6
Jinyimeng Group Co., Ltd	89M7